2024/2415

13.9.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2415 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Meán Fómhair 2024

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí eistear fosfáite ailcile áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad [1] ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 9(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 11 Lúnasa 2023, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí eistear fosfáite ailcile áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín' nó 'an tír lena mbaineann') ar bhonn Airteagal 5 den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* [2] ('an Fógra Tionscnaimh').

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a rinne ICL Europe U.A., Lanxess Deutschland GmbH agus PCC Rokita S.A. ('na gearánaigh') an 30 Meitheamh 2023. Ba é tionscal eistear fosfáite ailcile ('APE') áirithe an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán a rinne an gearán. Ba leor an fhianaise sa ghearán maidir le dumpáil agus díobháil ábhartha dá thoradh sin chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

(3) An 21 Nollaig 2023, thionscain an Coimisiún imscrúdú frith-fhóirdheontais ar leithligh maidir le hallmhairí APE áirithe de thionscnamh na Síne trí Fhógra Tionscnaimh a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* [3].

1.2. Bearta sealadacha

(4) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, an 13 Márta 2024, sholáthair an Coimisiún do pháirtithe achoimre ar na dleachtanna atá beartaithe agus mionsonraí maidir le ríomh na gcorrlach dumpála agus na gcorrlach atá leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais ('réamhnochtadh'). Iarradh ar na páirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna laistigh de thrí lá oibre.

(5) Sheol na táirgeoirí onnmhairiúcháin Nantong Jiangshan Agrochemical & Chemicals Co., Ltd., Shandong Yarong Chemical Co., Ltd., Zhejiang Wansheng Co., Ltd., na trádálaithe Impag AG agus Prochema GmbH, agus na húsáideoirí Purinova Sp. z o.o., Rytm-L Sp. z o.o., agus Stepan Deutschland agus Stepan Netherlands barúlacha maidir leis an réamhnochtadh. Rinneadh achoimre ar na barúlacha maidir le cruinneas na ríomhanna tar éis an réamhnochta in aithrisí (513) go (521) den Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1064 ón gCoimisiún [4] ('an Rialachán sealadach'). Déantar achoimre ar na barúlacha eile a cuireadh isteach ag an réamhnochtadh agus tugtar freagra orthu thíos.

---

[1] IO L 176 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/2020-08-11
[2] IO C 282, 11.8.2023, lch. 4.
[3] IO C , C/2023/1567 an 21.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/1567/oj
[4] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1064 ón gCoimisiún an 9 Aibreán 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí eistear fosfáite ailcile áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (OJ L, 2024/1064, 10.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1064/oj).

(6) An 11 Aibreán 2024, d'fhorchuir an Coimisiún dleachtanna frithdhumpála sealadacha ar allmhairí eistear fosfáite ailcile áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne leis an Rialachán sealadach.

1.3. **An nós imeachta ina dhiaidh sin**

(7) Tar éis nochtadh na bhfíoras riachtanacha agus na mbreithnithe riachtanacha ar ar a mbonn sin a forchuireadh dleacht frithdhumpála shealadach ('nochtadh sealadach'), chuir na páirtithe seo a leanas barúlacha isteach maidir leis na torthaí sealadacha laistigh den sprioc-am dá bhforáiltear le hAirteagal 2(1) den Rialachán sealadach:

— na gearánaigh;

— na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte de chuid na Síne Anhui RunYue agus Shandong Yarong;

— an táirgeoir onnmhairiúcháin neamhshampláilte de chuid na Síne Zhejiang Wansheng;

— Cónaidhm Thionscal Peitriceimiceán agus Ceimiceán na Síne ('CPCIF');

— na hallmhaireoirí Quimidroga agus Shekoy Chemicals Europe; agus

— na húsáideoirí Kingspan, Polychem, Purinova, agus Systemhouse.

(8) Cuireadh isteach roinnt barúlacha breise ó na gearánaigh, agus chomh maith leis sin ó Quimidroga agus Kingspan maidir leis an bhfaisnéis a sholáthair páirtithe leasmhara eile mar fhreagairt ar nochtadh na dtorthaí sealadacha tar éis an sprioc-ama le haghaidh na mbarúlacha sin. Mar sin féin, mheas an Coimisiún na barúlacha sin le haghaidh thorthaí cinntitheacha an imscrúdaithe.

(9) Tugadh deis chainte do na páirtithe a d'iarr éisteacht. Tharla éisteachtaí leis an allmhaireoir Shekoy Chemicals Europe; leis an táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte de chuid na Síne Shandong Yarong agus leis an allmhaireoir neamhchomhlachaithe Quimidroga.

(10) Lean an Coimisiún air ag lorg agus ag fíorú na faisnéise uile a mheas sé a raibh gá léi dá dtorthaí deiridh. Agus an Coimisiún ag teacht ar a thorthaí cinntitheacha, mheas sé na barúlacha a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus rinne sé athbhreithniú ar a chonclúidí sealadacha i gcás inarbh iomchuí.

(11) Chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara uile ar an eolas faoi na fíorais agus na breithnithe fíor-riachtanacha ar ina leith a bhí sé beartaithe aige dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchur ar allmhairí táirgí APE de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ("an nochtadh deiridh"). Tugadh tréimhse do na páirtithe leasmhara uile ina raibh siad in ann barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh.

(12) Tugadh deis chainte do na páirtithe a d'iarr éisteacht freisin. Reáchtáladh éisteachtaí le Anhui RunYue agus Quimidroga.

1.4. **Sampláil**

(13) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir le sampláil. Dá bhrí sin, deimhníodh na conclúidí in aithrisí (9) go (20) den Rialachán sealadach, agus sampla na dtrí tháirgeoir onnmhairiúcháin chomhoibríocha is mó i dtéarmaí cainníocht onnmhairiúcháin.

1.5. **Scrúdú aonair**

(14) In aithris (21) den Rialachán sealadach, thug an Coimisiún dá aire gur iarr dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin, Zhejiang Wansheng Co. ('Zhejiang Wansheng'), agus Futong Chemical Co. ('Futong Chemical'), scrúdú aonair trí cheistneoir a chur ar ais in am trátha.

(15) In aithrisí (22) agus (23) den Rialachán sealadach, luaigh an Coimisiún go ndéanfaí a chinneadh maidir leis na hiarrataí sin ag an gcéim chinntitheach seo.

(16) Sna barúlacha a thug sé tar éis na mbeart sealadach, d'iarr Zhejiang Wansheng scrúdú aonair arís faoi Airteagal 17(3) den bhun-Rialachán.

(17) Leag an chuideachta amach na cúiseanna nach ionann é agus na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte bunaithe ar a custaiméirí, ar a stair onnmhairiúcháin chuig an Aontas, agus ar a ceannach amhábhar ó lasmuigh den tSín.

(18) Rinne an chuideachta an maíomh freisin go bhfuil an Coimisiún i dteideal glacadh lena hiarraidh ar scrúdú aonair agus gan glacadh le maíomh an táirgeora onnmhairiúcháin eile, Futong Chemical.

(19) Chinn an Coimisiún diúltú don dá iarraidh ar scrúdú aonair ós rud é go mbeadh ualach míchuí ag baint leis sin san imscrúdú sin agus go gcuirfeadh sé cosc ar an imscrúdú a thabhairt chun críche in am trátha ós rud é go bhfuil trí tháirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Síne sa sampla cheana féin agus go bhfuil an chainníocht is mó onnmhairí chuig an Aontas acu a d'fhéadfaí a imscrúdú laistigh den am atá ar fáil. Ba ghrúpa mór cuideachtaí é Zhejiang Wansheng, agus dá gcuirfí leis an sampla é, is cinnte a mhéadódh sé an líon cuideachtaí faoi dhó le himscrúdú a dhéanamh orthu.

(20) Ní athródh aon ní sna barúlacha ó Zhejiang Wansheng an chonclúid sin agus mar a leagtar amach in aithris (19) den Rialachán sealadach, níor cuireadh an chuideachta leis an sampla toisc go mbeadh ualach míchuí ag baint leis sin.

(21) Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil ó Futong Chemical tar éis an nochta shealadaigh.

1.6. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(22) Tar éis nochtadh sealadach a dhéanamh, tugadh cuairt fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán ag áitreabh an úsáideora Kingspan atá lonnaithe in Girona na Spáinne.

(23) Tar éis fhoilsiú an Rialacháin shealadaigh, tháinig dhá úsáideoir eile chun cinn agus sheol siad freagra ceistneora, Nestaan Holland BV agus Purinova. Ós rud é gur tháinig na freagraí sin ar an gceistneoir níos mó ná 7 mí tar éis an sprioc-ama a leagtar amach i roinn 5.5 den Fhógra tionscnaimh, ní raibh go leor ama ag an gCoimisiún na freagraí sin a fhíorú.

2. **AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL**

(24) Leagtar amach le haithris (30) den Rialachán sealadach an sainiú ar an táirge lena mbaineann. Is é an táirge atá faoi imscrúdú eistear fosfáite ailcile áirithe ('APE'), a aicmítear faoi láthair faoi chód AC ex 2919 90 00 (cóid TARIC 2919 90 00 50 agus 2919 90 00 65) agus faoi chód AC ex 3824 99 92 (cód TARIC 3824 99 92 38).

(25) Sainítear APE mar eistir fosfáite ailcile áirithe atá bunaithe go heisiach ar thaobhshlabhraí a bhfuil fad dhá nó trí adamh carbóin acu (lena n-áirítear slabhraí ailcile clóirínithe freisin) agus ina bhfuil cion fosfair 9 % (in aghaidh an mheáchain) ar a laghad agus slaodacht idir 1 agus 100 mPa s (ag 20-25 °C) a thagann faoi uimhreacha Sheirbhís na gCoimrithe Ceimiceacha ('CAS') 13674-84-5, 1244733-77-4 agus 78-40-0.

(26) Cumhdaíonn APE dhá chineál táirge, fosfáit tris (2-clóra-1-meitileitil) ('TCPP') agus fosfáit trí-eitile ('TEP'). Úsáidtear APE i gcoitinne mar lasairmhoillitheach i gcúir dhochta agus sholúbtha.

(27) Maidir leis an raon táirgí, mar fhreagairt ar an nochtadh sealadach, rinne an táirgeoir onnmhairiúcháin Shandong Yarong, an comhlacht de chuid na Síne CPCIF, a chumhachtaítear ionadaíocht a dhéanamh thar ceann sé tháirgeoir onnmhairiúcháin APE de chuid na Síne, lena n-áirítear na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte, an dá onnmhaireoir Quimidroga agus Shekoy Europe, agus an dá úsáideoir Kingspan agus Purinova a n-iarraidh a athdhearbhú go n-eiseofaí TEP a eisiamh ó raon táirgí an imscrúdaithe, mar a leagtar amach in aithrisí (36) go (49) den Rialachán sealadach. D'éiligh na páirtithe sin athuair go bhfuil TCPP agus TEP difriúil sa phróiseas táirgthe agus sna saintréithe fisiceacha, teicniúla, agus ceimiceacha agus go bhfuil úsáidí éagsúla acu agus nach bhfuil siad idirmhalartaithe.

(28) D'admhaigh na gearánaigh, óna dtaobh féin de, nach comhionann TCPP agus TEP, ach gurb iad sin an t-aon dá chineál táirge a thagann leis an sainiú oibiachtúil ar an táirge atá faoi imscrúdú, a bhí bunaithe ar na buntréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna a chomhroinnt, ag baint úsáid as amhábhair chomhchosúla a chuirtear faoi phróiseas táirgthe comhchosúil, a bhfuil na húsáidí céanna agus na slabhraí dáilte céanna acu atá in iomaíocht le chéile sa mhargadh céanna.

(29) D'áitigh Shandong Yarong, CPCIF, Quimidroga, Shekoy Europe, Kingspan, agus Purinova go bhfuil TCPP agus TEP difriúil sa struchtúr móilíneach agus sna saintréithe ceimiceacha agus, dá bhrí sin, nach bhfuil saintréithe fisiceacha, teicniúla ná ceimiceacha fíor-riachtanacha comhchosúla acu. Leag CPCIF, Shandong Yarong, Quimidroga, agus Purinova amach go bhfuil an dá chineál táirge mar chuid de ghrúpaí ar leith d'eistir, ós rud é gur orgánafosfáit chlóirínithe/halaiginithe é TCPP, cé gur orgánafosfáit neamhchlóirínithe/saor ó hailigin é TEP. Déanann láithreacht clóirín difear do shaintréithe foriomlána an táirge, lena n-áirítear a fhiuchphointe, a shlaodacht, a dhlús agus a thionchar comhshaoil.

(30) Mheas Shandong Yarong agus Quimidroga gur dréachtaíodh an sainiú táirge ar bhealach foirmeach chun TCPP agus TEP araon a chur san áireamh, agus taobh amuigh den chion fosfair tá cion clóirín TCPP ina chomhábhar comhpháirteach mar lasairmhoillitheach agus ba cheart go raibh sé san áireamh leis an sainiú táirge. D'áitigh Kingspan go raibh an sainiú táirge treallach agus curtha i bhfocail ar bhealach chun TCPP agus TEP amháin a chumhdach, gan lasairmhoillithigh agus fosfáití eile a chur san áireamh a d'fhéadfaí a úsáid i gcúir pholúireatáin ('PUR') agus i gcúir phoilisicianúráite ('PIR') gan chúiseanna oibiachtúla leis.

(31) D'áitigh na gearánaigh go dtugann na maímh thuas neamhaird ar dhálaí agus ar dhinimic an mhargaidh agus nach bhféadfaí aon lasairmhoillitheach nó fosfáit eile a chur in ionad TCPP, ó thaobh a phríomhúsáidí de, ar an gcaoi gur féidir TEP a chur ina ionad. Cé go n-aithníonn siad nach bhfuil úsáid TEP in ionad TCPP uathoibríoch i ngach cás, d'áitigh na gearánaigh go bhfuil TEP á úsáid cheana féin ag táirgeoirí cúir poilisicianúráite agus cúir polúireatáin in ionad TCPP, mar a chuir úsáideoirí amhail BASF agus Kingspan in iúl dóibh.

(32) Mar a leagtar amach in aithrisí (31), (32) agus (44) den Rialachán sealadach, d'aithin an Coimisiún nach cineálacha táirge comhionanna iad TCPP agus TEP toisc go bhfuil struchtúr móilíneach agus saintréithe ceimiceacha áirithe TCPP agus TEP éagsúil, ach go bhfuil buntréithe fíor-riachtanacha fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha comhchosúla acu araon. Dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán. De bhun na forála sin, is féidir táirge comhchosúil a bheith ina tháirge comhionann nó ina tháirge a bhfuil a shaintréithe an-chosúil le saintréithe an táirge atá faoi imscrúdú. Tá saintréithe an-chosúil le chéile ag TCPP agus TEP, ós rud é go bhfuil siad araon eistir fosfáite ailcile atá bunaithe go heisiach ar thaobhshlabhraí a bhfuil fad dhá nó trí adamh carbóin acu (lena n-áirítear slabhraí ailcile clóirínithe freisin) agus a bhfuil cion fosfair 9 % (in aghaidh an mheáchain) ar a laghad acu agus slaodacht idir 1 agus 100 mPa s (ag 20-25 C), agus is féidir iad araon a úsáid mar lasairmhoillithigh i gcúir dhochta.

(33) Tá corrlach lánroghnach ag an gCoimisiún maidir leis an raon táirgí a shainiú agus chinn sé san imscrúdú sin gur féidir an dá chineál táirge a úsáid mar lasairmhoillithigh agus go n-úsáidtear iad amhlaidh. Ní athraítear an cinneadh sin de bharr go bhfuil TCPP ina orgánafosfáit chlóirínithe agus go bhfuil TEP ina orgánafosfáit neamhchlóirínithe. Deimhníodh an úsáid chomhchosúil le linn na cuairte fíorúcháin ar láthair Kingspan, a úsáideann TCPP agus TEP araon mar lasairmhoillitheach i bhfeidhmeanna cúr docht agus ar allmhaireoir mór APE de thionscnamh na Síne é. Cé go bhféadfadh sé go bhfuil feidhmeanna eile ag TEP seachas mar lasairmhoillitheach, chinn an Coimisiún go bhfuil an dá chineál táirge in iomaíocht dhíreach le chéile maidir le cuid thábhachtach dá n-úsáid, i.e. chun cúir dhochta a dhéanamh lasairmhoillitheach. Thairis sin, na sonraí ar ar a mbonn a fuarthas torthaí maidir le dumpáil, díobháil agus leis an nasc cúisíoch idir an dá cheann san imscrúdú seo, chumhdaigh siad an dá tháirge.

(34) Tar éis nochtadh cinntitheach a dhéanamh, d'athdhearbhaigh Kingspan, Quimidroga, CPCIF, agus Shandong Yarong maímh maidir le neamhchosúlacht i struchtúr móilíneach agus difríochtaí i saintréithe ceimiceacha agus fisiceacha ar tugadh aghaidh orthu cheana in aithrisí (27) go (33).

(35) Tar éis nochtadh cinntitheach a dhéanamh, rinne Kingspan tagairt d'imscrúdú frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais atá ar siúl faoi láthair maidir le lasairmhoillithigh sna Stáit Aontaithe Mheiriceá ('SAM') i gcás ina bhfuil an tríú lasairmhoillitheach, tris (1,3-déchlóraiseapróipil) fosfáit ('TDCF'), sa raon táirge, chomh maith le TCPP agus TEP. Le linn an imscrúdaithe seo sna Stáit Aontaithe, d'admhaigh ICL, ar cheann de na gearánaigh é, go raibh sé beartaithe TDCF a chur san áireamh san imscrúdú seo freisin. Mhaígh Kingspan gur léirigh sé sin cineál treallach raon feidhme an táirge a úsáideadh san imscrúdú seo. Meabhraítear, áfach, nach bhfuil an Coimisiún faoi cheangal ag cinntí a dhéantar in imscrúduithe a dhéantar i ndlínsí eile. Thairis sin, mar a mhínítear in aithris (33), tá corrlach lánroghnach ag an gCoimisiún maidir le raon feidhme an táirge a shainiú agus dá bhrí sin diúltaíodh don mhaíomh.

(36) Tar éis nochtadh cinntitheach a dhéanamh, mhaígh Kingspan agus Quimidroga gur cheart go luafaí sa nochtadh aicmiú TCPP i gCatagóir Carcanaigine 2 (táirgí a bhfuil amhras ann go bhfuil siad carcanaigineacht) ag Lanxess ar a thionscnamh féin agus an t-athaicmiú atá le tarlú ag an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('ECHA') mar is cúis bhreise é nach comhchosúil TEP agus TCPP. Mar sin féin, tugadh aghaidh cheana féin in aithrisí (29) go (33), ar an difríocht idir TCPP clóirínithe agus TEP atá saor ó halaiginí i ngnéithe éagsúla lena n-áirítear go háirithe an tionchar ar an gcomhshaol. Ní bhainfeadh an difreáil i dtéarmaí carcanaigineachta, dá ndeimhneodh ECHA í, an bonn den chonclúid in aithris (33) agus dá bhrí sin tugadh neamhaird ar an maíomh.

(37) De réir CPCIF agus Shandong Yarong, tá próiseas táirgthe an dá chineál táirge éagsúil agus úsáideann an dá tháirge línte táirgthe éagsúla. Ní féidir an táirgeadh a aistriú idir TCPP agus TEP ar an líne tháirgthe chéanna agus, dá bhrí sin, níl na cineálacha táirge idirmhalartaithe. D'áitigh Shandong Yarong gur tháinig an Coimisiún ar an gconclúid san imscrúdú frithdhumpála a bhain le píopaí agus feadáin iarainn nó cruach gan uaim áirithe ([5]) go bhféadfadh táirgí nach raibh idirmhalartaithe go díreach teacht faoin raon táirgí céanna ar an bhforas go bhféadfadh táirgeoirí a dtáirgeadh a aistriú idir na cineálacha éagsúla táirge ar an líne tháirgthe chéanna, rud nach amhlaidh i gcás TCPP agus TEP. Thairis sin, de réir Quimidroga agus Purinova, níor thug an Coimisiún aghaidh ar an bhfíoras nach dtáirgtear TEP san Aontas. Chun tús a chur le táirgeadh TEP, bheadh ar thionscal an Aontais an trealamh is gá a chur ar bun ar ina leith a bheadh infheistíochtaí móra ag teastáil.

(38) Chinn an Coimisiún gur tháirg na táirgeoirí onnmhairiúcháin céanna an dá chineál táirge agus gur díoladh iad leis na hallmhaireoirí agus na húsáideoirí céanna le haghaidh na húsáide deiridh céanna. Dá bhrí sin, bhí idirmhalartacht shuntasach ó thaobh an éilimh de idir an dá cheann. Ós rud é gur substaint cheimiceach í, ní gné chinntitheach é athrú sa táirgeadh ar an líne tháirgí chéanna chun é a mheas mar tháirge comhchosúil. De bhun Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach gá do thionscal an Aontais táirgí comhionanna a tháirgeadh leis na cineálacha táirge uile a thagann faoin raon táirgí a allmhairítear ón tír lena mbaineann. Dá bhrí sin, ós rud é go mbeadh ar thionscal an Aontais infheistíochtaí móra a dhéanamh dá gcinnfeadh sé táirgeadh TEP a atosú, ní bhfuarthas amach dá bhrí sin gur gné chinntitheach é chun TEP a mheas mar tháirge comhchosúil le TCPP.

(39) Tar éis nochtadh cinntitheach a dhéanamh, mhaígh Quimidroga nach gcruthaítear inionadaitheacht leis an idirmhalartacht ar thaobh an éilimh dá dtagraítear in aithris (38). Tá coincheap na hidirmhalartachta ar thaobh an éilimh bunaithe ar an gcinneadh go bhfuil táirgeoirí onnmhairiúcháin ag táirgeadh agus ag díol an dá chineál táirge leis na cliaint chéanna. Mheas an Coimisiún, áfach, nach raibh inmhalartacht ar thaobh an éilimh ach léiriú go bhféadfadh inionadaitheacht na gcineálacha táirgí a bheith ann le haghaidh roinnt feidhmeanna úsáide deiridh. Chun inionadaitheacht a chruthú, scrúdaigh an Coimisiún sonraí a sholáthair úsáideoirí mar a mhínítear in aithris (49). Dá bhrí sin, tugadh neamhaird ar an maíomh.

(40) Tar éis nochtadh cinntitheach a dhéanamh, mhaígh CPCIF agus Shandong Yarong nach féidir le tionscal an Aontais táirgeadh TEP a atosú gan infheistíocht shuntasach a dhéanamh, rud a léiríonn nach bhfuil TCPP agus TEP inmhalartaithe. Chuir Shandong Yarong i gcoinne an chinnidh a rinne an Coimisiún in aithris (38) nach raibh an fhéidearthacht táirgeadh a aistriú ó TCPP go TEP (nó a mhalairt) ar an líne tháirgthe chéanna ina gné chinntitheach agus measúnú á dhéanamh ar chosúlacht na gcineálacha táirgí toisc gur táirge ceimiceach é APE.

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/804 ón gCoimisiún an 11 Bealtaine 2017 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí píopaí agus feadán iarainn gan uaim áirithe (seachas iarann teilgthe) nó cruach gan uaim áirithe (seachas cruach dhosmálta), ar trasghearradh ciorclach, ar trastomhas seachtrach is mó ná 406,4 mm, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 121, 12.5.2017, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/804/oj), aithris (27).

D'admhaigh an Coimisiún go bhfuil difríocht i bpróiseas táirgthe TCPP agus TEP ach ní athraíonn sé sin an fíoras go bhfuil leibhéal suntasach inionadaitheachta idir an dá cheann. Dá bhrí sin, ós rud é go mbeadh ar thionscal an Aontais infheistíochtaí a dhéanamh chun cineál eile táirge a tháirgeadh, ní argóint bhailí é sin chun teacht ar an gconclúid nach bhfuil cineálacha táirgí comhchosúil, inmhalartaithe ná inionadaithe. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(41) D'áitigh Quimidroga freisin nach dtagraíonn an éifeachtúlacht lasairmhoillithigh a leagtar síos in aithris (46) den Rialachán sealadach ach don chion fosfair, agus ba cheart a mheas go n-éilíonn gach comhpháirt agus eilimint lasairmhoillitheach 2,47 uair níos mó TEP ná TCPP chun an éifeachtúlacht lasairmhoillithigh chéanna a bhaint amach. Mar sin féin, dá gcuirfí an méid sin TEP leis, d'athrófaí slaodacht an táirge deiridh, rud a dhéanfadh difear diúltach don cháilíocht agus don fheidhmíocht. Chuir Quimidroga, Kingspan, agus Purinova in iúl go bhfuil gá le trealamh difriúil agus le hathfhoirmliú na gcomhpháirteanna ceimiceacha chun teacht ar tháirge deiridh comhchosúil, rud a chiallaíonn costais agus moilleanna móra.

(42) Chuir na gearánaigh in iúl nach féidir éifeachtúlacht lasairmhoillitheach a bhunú ar aon ríomh a thagraíonn do chion na n-eilimintí ceimiceach amhail fosfar agus clóirín amháin, toisc go bhféadfaidh úsáideoirí APE áirithe a gcuid táirgí a fhoirmliú ar bhealach éagsúil.

(43) Chinn an Coimisiún gur ghá go deimhin na comhpháirteanna ceimiceacha a athfhoirmliú chun aistriú idir TCPP agus TEP. Mar sin féin, d'fhoghlaim sé ón úsáideoir fíoraithe go raibh na costais sin teoranta i gcomparáid le láimhdeachas na dtáirgí ina n-ionchorpraítear APE.

(44) Tar éis nochtadh cinntitheach a dhéanamh, mhaígh Kingspan go bhfuil conclúid an Choimisiúin go bhfuil TCPP agus TEP inmhalartaithe contrártha leis an tuarascáil ar an gcuairt fíorúcháin agus leis na foilseáin inar chuir Kingspan fianaise ar fáil go raibh gá le hathfhoirmliú costasach agus athdheimhniú costasach chun TEP a chur in ionad TCPP (nó a mhalairt) móide infheistíocht shuntasach capex chun na saoráidí táirgthe a mhodhnú. Ní dhéanann an Coimisiún agóid i gcoinne costais shuntasacha a bheith ann chun athrú idir táirgeadh an dá cheann agus ní thugann sé neamhaird orthu, ach mar a mhínítear in aithris (49), ní chuireann na costais sin cosc ar TEP a chur in ionad TCPP i gcúir dhochta. Thairis sin, ní raibh aon pháirtí leasmhar in ann a léiriú nach raibh inionadaitheacht ar thaobh an éilimh ann.

(45) Tar éis nochtadh cinntitheach a dhéanamh, d'áitigh Kingspan go ndearna an Coimisiún neamhaird, in aithris (43), ar na costais athdheimhniúcháin agus caiteachais chaipitil (capex) a bhaineann le hathfhoirmliú. Soiléiríonn an Coimisiún gur beag na costais chomhcheangailte le haghaidh athfhoirmlithe agus athdheimhniúcháin freisin i gcomparáid le láimhdeachas na dtáirgí ina n-ionchorpraítear APE. Fiú agus capex á chur leis, bunaíodh nár chuir na costais seo bac ar úsáid TEP seachas TCPP le haghaidh cúr docht.

(46) Mhaígh CPCIF, Shandong Yarong, Kingspan, Purinova, agus Quimidroga cé go n-úsáidtear TCPP den chuid is mó mar lasairmhoillitheach i gcúr polúireatáin docht agus solúbtha, úsáidtear TEP mar phlaisteachán i bpolaiméirí, rubair, agus plaistigh agus gan ach ar bhonn teoranta mar lasairmhoillitheach. Thairis sin, níl na slabhraí díolacháin agus dáilte céanna acu agus níl siad in iomaíocht dhíreach le chéile. D'áitigh CPCIF cé go bhféadfaí TEP a úsáid go teoiriciúil mar lasairmhoillitheach i dtáirgeadh cúr PUR nó PIR, nach mbeadh sé sin inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de mar gheall ar phraghas níos airde TEP. Luaigh Shandong Yarong freisin go fiú nuair a úsáidtear mar lasairmhoillitheach é, déantar TEP a chumasc de ghnáth le cineálacha eile lasairmhoillitheach chun táirge deiridh a bhaint amach agus, dá bhrí sin, nach bhfuil sé cosúil le TCPP. Luaigh Shekoy Europe nach bhfuil TCPP agus TEP idirmhalartaithe ach go bhfuil siad comhlántach i gcúir dhochta amhail poilisicianúráit.

(47) D'áitigh Quimidroga nár thug an Coimisiún aghaidh ar an bhfíoras nach féidir TEP agus TCPP a ionadú i ngach feidhm éagsúil de APE agus go bhfuil substaintí eile ann a fhéadfar a úsáid mar lasairmhoillithigh i gcúir pholúireatáin agus phoilisicianúráite.

(48) Mar sin féin, dheimhnigh Kingspan agus Purinova conclúid an Choimisiúin gur féidir TCPP agus TEP a úsáid go hidirmhalartaithe le haghaidh línte leanúnacha, amhail painéil.

(49) Mar a leagtar amach in aithris (33), d'fhéadfadh úsáidí deiridh éagsúla a bheith ag baint le cineálacha éagsúla táirge. Mar sin féin, níor dhiúltaigh ná níor thug aon cheann de na páirtithe leasmhara fianaise a bhréagnaigh gur féidir TCPP agus TEP araon a úsáid i bhfeidhmeanna cúr docht. Deimhníodh é seo leis an anailís ar fhaisnéis a chuir úsáideoirí ar fáil, áit a bhfuair an Coimisiún amach gur féidir TEP a chur in ionad TCPP go hiomlán i dtáirgeadh cúr docht agus TCPP agus TEP a úsáid ar leithligh mar lasairmhoillitheach i dtáirgeadh táirgí iomaíocha. Ní bhfuair sé amach nach bhféadfaí an dá chineál táirge a úsáid ach go comhlántach.

(50) Dá bhrí sin, ní mór diúltú do na maímh maidir leis an iarraidh TEP a eisiamh ón raon táirgí agus dheimhnigh an Coimisiún a chonclúid shealadach maidir leis an raon táirgí.

(51) Tar éis nochtadh cinntitheach a dhéanamh, mhaígh Quimidroga gur theip ar an gCoimisiún sonraí a sholáthar maidir le scaireanna TCPP agus TEP faoi seach i gcúir dhochta agus sholúbtha, rud a thug le fios go raibh gá leis an bhfaisnéis sin chun anailís chuimsitheach a dhéanamh ar inionadaitheacht. Mar sin féin, ní bhaineann na leibhéil reatha tomhaltais TCPP nó TEP le hábhar agus measúnú á dhéanamh ar inionadaitheacht na dtáirgí sin. Is é sin le rá, fiú mura raibh úsáid TEP ann in iarratas ar leith, ní thabharfadh sé le tuiscint go bhfuil ionadú dodhéanta. Dá bhrí sin, tugadh neamhaird ar an maíomh.

(52) Tar éis nochtadh cinntitheach a dhéanamh, d'áitigh Quimidroga gur dhírigh anailís inionadaitheachta an Choimisiúin go heisiach ar chúir dhochta, agus faillí á déanamh ar chúir sholúbtha. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, áfach, gurb ionann cúir dhochta agus thart ar dhá thrian de na feidhmchláir a úsáideann APE, mar a luaitear in aithris (46) den Rialachán sealadach agus nach gcuireann aon cheann de na páirtithe leasmhara ina gcoinne. Dá dheasca sin, measann an Coimisiún gur léiríodh inionadaitheacht go leordhóthanach, agus dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(53) Tar éis nochtadh cinntitheach a dhéanamh, dhearbhaigh Quimidroga nach raibh aon fhianaise ar taifead a léiríonn go n-úsáidtear TEP mar lasairmhoillitheach neamhspleách i gcúir dhochta. Mar sin féin, mar a mhínítear in aithris (49), chinn an Coimisiún go bhféadfaí TEP a úsáid mar an t-aon APE amháin i gcúir dhochta. Dá réir sin, diúltaíodh do mhaíomh Quimidroga.

(54) Rinne Shandong Yarong tagairt d'aithris (49) agus mhaígh sé nach léiríonn an fíoras gur féidir TCPP agus TEP a úsáid in iarratais ar chúr docht go bhfuil na húsáideoirí deiridh céanna ag an dá tháirge agus/nó go bhfuil siad inmhalartaithe ós rud é go n-éilíonn aon ionadú ó TCPP go TEP athfhoirmliú costasach, athdheimhniú agus caiteachas caipitiúil. Mar sin féin, mar a mhínítear in aithris (45), níor chuir na costais sin bac ar aistriú ó TCPP go TEP i gcás cúir dhochta. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(55) D'iarr Purinova go n-eisiafaí TEP agus TCPP a úsáidtear chun córais inslithe theirmigh poilisicianúráite agus polúireatáin a tháirgeadh, mar gheall ar easpa acmhainneacht táirgeachta APE thionscal an Aontais agus mar gheall ar an ngá atá leis na córais inslithe theirmigh sin i spriocanna aeráide an Aontais, gan tuilleadh mionsonraí ná fianaise a sholáthar chun tacú leis na maímh sin.

(56) Ós rud é go n-úsáidtear formhór allmhairí APE ón tSín chun córais inslithe theirmigh poilisicianúráite agus polúireatáin a tháirgeadh, ní chuirfeadh díolúine le haghaidh na n-allmhairí sin deireadh le héifeachtaí na dumpála díobhálaí agus fágfaidh sé go mbeidh na bearta frithdhumpála neamhéifeachtach. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(57) In éagmais aon bharúil eile maidir leis an raon táirgí agus maidir leis an táirge comhchosúil, deimhníodh na conclúidí ar thángthas orthu in aithrisí (30) go (49) den Rialachán sealadach.

3. **DUMPÁIL**

3.1. **Nós imeachta chun an gnáthluach a shuí faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán**

(58) Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil maidir leis an nós imeachta chun an gnáthluach a shuí sa chás sin faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(59) Dá bhrí sin, deimhnítear torthaí sealadacha an Choimisiúin in aithris (61).

3.2. **An Gnáthluach**

(60) Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil maidir leis an ráiteas in aithris (63) den Rialachán sealadach ina leagtar amach téarmaí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(61) Dá bhrí sin, deimhnítear torthaí sealadacha an Choimisiúin in aithris (64).

3.3. **Saobhadh mór a bheith ann**

(62) Fuair an Coimisiún barúlacha maidir leis an bhfianaise go bhfuil saobhadh mór ann ón allmhaireoir comhlachaithe Shekoy Europe (a bhaineann leis an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch neamhshampláilte de chuid na Síne Jiangsu Yoke) agus an táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte de chuid na Síne Anhui RunYue.

(63) Mhaígh Shekoy Europe ar an gcéad dul síos nach raibh a n-úinéir Jiangsu Yoke faoi úinéireacht stáit, mar a leagtar amach in aithrisí (82), (86) agus (90) den Rialachán sealadach. Thug an Coimisiún dá aire go leagtar amach sna haithrisí sin achoimre an Choimisiúin ar fhaisnéis sa ghearán seachas torthaí an Choimisiúin féin. Leagtar anailís an Choimisiúin amach in aithrisí (150) go (156) den Rialachán sealadach agus ní dhearnadh tagairt inti do struchtúr úinéireachta Jiangsu Yoke.

(64) Dá bhrí sin, ní raibh conclúidí an Choimisiúin maidir le tionchar stát na Síne in earnáil APE in aithrisí (150) go (156) ag brath ar úinéireacht Jiangsu Yoke.

(65) Ar an dara dul síos, luaigh Shekoy Europe go bhfuil ballraíocht Pháirtí Cumannach na Síne rómhór le bheith ina thoisc thábhachtach in anailís an Choimisiúin.

(66) Diúltaíonn an Coimisiún don anailís sin. I bhfianaise ról ceannasach Pháirtí Cumannach na Síne mar a leagtar amach i mBunreacht Dhaon-Phoblacht na Síne, is léiriú é ballraíocht 100 milliún duine ar thionchar Pháirtí Cumannach na Síne. Ós rud é go bhfuil 50 milliún díobh sin i bpoist bhainistíochta, deimhnítear go bhfuil greim láidir ag Páirtí Cumannach na Síne ar gheilleagar na Síne, arb é an t-aon ghné ábhartha é chun a mheas an ann do shaobhadh.

(67) Níor tharraing aon ní i mbarúlacha Shekoy Europe amhras ar thorthaí an Choimisiúin mar a leagtar amach in aithrisí (157) go (166) den Rialachán sealadach.

(68) Luaigh Shekoy Europe ansin go ndearnadh onnmhairí fosfair ón tSín a rialú le haghaidh táirgeadh leasacháin, agus ní chun APE a tháirgeadh.

(69) D'aithin an Coimisiún an anailís sin, ag tabhairt dá aire nach dtagann sé salach ar na torthaí a leagtar amach in aithrisí (167) go (178) den Rialachán sealadach, ina luaitear go gcuireann rialtas na Síne srian ar onnmhairiú na n-amhábhar is gá chun APE a tháirgeadh.

(70) Tá an freagra céanna ag an gCoimisiún ar bharúlacha Shekoy Europe maidir le táirgeadh eatánóil, agus nach é TEP an phríomhchúis go ndéanfaí eatánól a tháirgeadh.

(71) Chuir Shekoy Europe i gcoinne freisin na hanailíse sa ghearán go mbeadh táirgeadh TCPP nó TEP mar chuid de na 'tionscail straitéiseacha atá ag teacht chun cinn' a luaitear in aithris (106) den Rialachán sealadach.

(72) Thug an Coimisiún dá aire an fhianaise sa ghearán, a bhfuil achoimre uirthi in aithris (107) den Rialachán sealadach, go bhfuil lasairmhoillithigh incháilithe go soiléir do thacaíocht rialtais shaobhach, mar thugtar tuairisc air in aithrisí (167) go (178) den Rialachán sealadach.

(73) Ar deireadh, chuir Shekoy Europe anailís isteach go gcuirfeadh an 14ú Plean Cúig Bliana deireadh le cuid mhór den chóras hukou ([6]) sa tSín, agus freisin nach bhfuil aon difríocht sa phá idir oibrithe áitiúla agus neamháitiúla.

(74) Dhiúltaigh an Coimisiún don anailís sin. Déanann an 14ú Plean Cúig Bliana, Airteagal XXVIII roinn 1, athchóiriú ar chóras hukou ach coinníonn sé creat ar bun chun imirce inmheánach lucht saothair a rialáil. Níor aimsigh an Coimisiún aon rud i nDlí Saothair Dhaon-Phoblacht na Síne ach oiread a thacódh le hanailís Shekoy Europe ar leibhéil phá.

(75) Dá bhrí sin, níor tharraing aon ní sna barúlacha sin amhras ar thorthaí an Choimisiúin mar a leagtar amach in aithrisí (184) go (187) den Rialachán sealadach.

([6]) Tagraítear don chóras hukou in aithris (120) den Rialachán Sealadach mar 'chóras clárúcháin teaghlaigh'.

(76) Dúirt Anhui RunYue gur scríobhadh tuarascáil na Síne dá dtagraítear in aithris (69) den Rialachán sealadach in 2017, agus go bhfuil torthaí na tuarascála sin as dáta anois.

(77) Thug an Coimisiún dá aire gur thug Anhui RunYue an pointe céanna ina bharúlacha maidir leis an gCéad Nóta, agus diúltaíodh dá bpointe in aithrisí (222) go (224) den Rialachán sealadach. Thairis sin, tá na conclúidí ón gCoimisiún sa Rialachán sealadach i gcomhréir leis an tuarascáil tíre a tugadh cothrom le dáta maidir leis an tSín a foilsíodh i mí Aibreáin 2024 ([7]).

(78) Rinne Anhui RunYue ansin an maíomh nach doiciméad ceangailteach a bhí sa 14ú Plean Cúig Bliana.

(79) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin arís, rud a diúltaíodh in aithrisí (226) agus (227) den Rialachán sealadach. D'aontaigh an Coimisiún le Anhui go bhfuil an Roinn den 14ú Plean Cúig Bliana a luaitear in aithris (227) den Rialachán sealadach dírithe go príomha ar údaráis na Síne atá freagrach as cur chun feidhme an Phlean. Is a bhuí leis na treoracha sainráite sa Phlean do na húdaráis sin uile go dtairbhíonn oibreoirí eacnamaíocha, amhail Anhui RunYue, den timpeallacht fhabhrach bheartais agus den leithdháileadh acmhainní.

(80) Rinne Anhui RunYue an maíomh ansin nach rialaíonn Páirtí Cumannach na Síne geilleagar margaidh na Síne.

(81) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin. Tugadh tuairisc mhionsonraithe ar ról ceannasach Pháirtí Cumannach na Síne in aithrisí (133) go (149) den Rialachán sealadach.

(82) Luann Anhui RunYue sliocht ansin ó *Opinions of the Central Committee of the Communist Party of China and the State Council on Accelerating the Improvement of the Socialist Market Economy System in the New Era* [Tuairimí ó Lárchoiste Pháirtí Cumannach na Síne agus ón gComhairle Stáit maidir le Dlús a chur le Feabhsú Chóras an Gheilleagair Margaidh Shóisialta sa Ré Nua] a foilsíodh an 11 Bealtaine 2020 ([8]) chun tacú lena maíomh.

(83) Níor athraigh lua Anhui RunYue ón doiciméad beartais rialtais amháin sin na conclúidí sin sa Rialachán sealadach, ós rud é go bhfuil an lua an-roghnaitheach freisin. Thug an Coimisiún dá aire go dtagraítear go sainráite i bpointe 1(2) de na Tuairimí sin do choincheapa iomadúla a léiríonn go díreach saobhadh mór arna spreagadh ag an stát, amhail: '*cloí le ceannaireacht fhoriomlán an pháirtí agus í a neartú*', nó '*cloí leis na bunchórais eacnamaíocha shóisialaí agus iad a fheabhsú, amhail comhfhorbairt an gheilleagair le húinéireacht phoiblí mar chrann taca, dáileadh de réir na hoibre mar chrann taca, cómhaireachtáil modhanna dáileacháin iolracha, agus córas eacnamaíoch an mhargaidh shóisialaigh, agus an córas sóisialach a chomhcheangal go horgánach le saintréithe na Síne le geilleagar an mhargaidh, chun ráthaíochtaí institiúideacha tábhachtacha a sholáthar chun forbairt ardcháilíochta a chur chun cinn agus chun córas eacnamaíoch nua-aimseartha a thógáil.*'

(84) Mhaígh Anhui RunYue ansin gur achtaigh an tSín dlíthe féimheachta go deimhin, rud a bhréagnaigh torthaí an Choimisiúin in aithrisí (179) go (183) den Rialachán sealadach.

(85) Níor sholáthair Anhui RunYue aon fhianaise a léiríonn go bhfuil na torthaí sin mícheart, ná go bhfuil Anhui díolmhaithe ó na dlíthe atá i bhfeidhm faoi láthair.

(86) Ar deireadh, mhaígh Anhui RunYue nach bhfuil aon fhianaise ann go bhfuil pá saofa sa tSín.

(87) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin arís, a bhréagnaíonn torthaí an Choimisiúin in aithrisí (184) go (186) den Rialachán sealadach. Níor sholáthair Anhui RunYue aon fhianaise a léiríonn go bhfuil na torthaí sin mícheart, ná go bhfuil Anhui díolmhaithe ó na dlíthe saothair atá i bhfeidhm faoi láthair.

(88) Dá bhrí sin, deimhnítear torthaí sealadacha an Choimisiúin in aithrisí (65) go (204) agus (236) go (238) den Rialachán sealadach maidir le saobhadh sa tSín.

([7]) *Commission Staff Working Document, on Significant Distortions in the Economy of the People's Republic of China for the Purposes of Trade Defence Investigations* [Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Mór i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun Críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála], 10 Aibreán 2024, SWD (2024) 91 final.

([8]) https://www.rmzxb.com.cn/c/2020-05-18/2574667.shtml arna rochtain an 7 Bealtaine 2024

3.4. **Tír ionadaíoch**

(89) Ag an gcéim shealadach, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas faoina chinneadh an Bhrasaíl a úsáid mar thír ionadaíoch agus mhínigh sé an cinneadh sin in aithrisí (239) go (266) den Rialachán sealadach.

(90) Tar éis fhoilsiú an Rialacháin shealadaigh, fuair an Coimisiún barúlacha ón gcomhlacht trádála CPCIF agus an allmhaireoir comhlachaithe Shekoy Europe maidir le rogha na tíre ionadaíche.

(91) Dar le CPCIF, níor chomhlíon an Coimisiún na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 2(6a) den Rialachán maidir le tír ionadaíoch a roghnú, ós rud é nach raibh aon tír eile ar domhan a bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche aici atá cosúil leis an tSín a mhonaraigh APE agus, dá bhrí sin, ní raibh aon tír ionadaíoch oiriúnach ann. Dá bhrí sin, d'iarr CPCIF ar an gCoimisiún athmhachnamh a dhéanamh ar na dleachtanna frithdhumpála a eascraíonn as úsáid na Brasaíle mar thír ionadaíoch.

(92) Chuir Shekoy Europe i gcoinne úsáid na Brasaíle mar thír ionadaíoch toisc go raibh tionscal ceimiceán teoranta ag an mBrasaíl, go raibh sí ag brath go mór ar allmhairí agus go raibh bonneagar ar cháilíocht íseal aici.

(93) Mhínigh an Coimisiún an cur chuige a úsáideadh chun an Bhrasaíl a roghnú in aithrisí (239) go (266) den Rialachán sealadach. I gcás nach dtáirgtear an táirge atá faoi imscrúdú in aon tír ag a bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil le leibhéal na Síne, is é cleachtas an Choimisiúin táirge a shainaithint sa chatagóir ghinearálta chéanna agus/nó san earnáil chéanna den táirge atá faoi imscrúdú agus tír a lorg a tháirgeann é agus a bhaineann freisin leis an ngrúpa ard-mheánioncaim céanna leis an tSín, mar a d'fhoilsigh an Banc Domhanda ([9]). Faightear na sonraí chun an gnáthluach a chinneadh ón tír ionadaíoch sin.

(94) Roghnaíodh an Bhrasaíl mar thír ionadaíoch bunaithe ar na critéir sin agus i gcomhréir le hAirteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, ós rud é gur tír ard-mheánioncaim í an Bhrasaíl a raibh táirgeadh plaisteachán aici, táirge a mheas an Coimisiún a bheith sa chatagóir ghinearálta chéanna le APE, agus ina raibh sonraí ábhartha ar fáil go héasca.

(95) Ní gá measúnú a dhéanamh ar aibíocht na hearnála tionsclaíochta ná ar cháilíocht an bhonneagair toisc nach critéir roghnúcháin iad chun an tír ionadaíoch a roghnú.

(96) Dá bhrí sin, díbheadh barúlacha CPCIF agus Shekoy Europe araon toisc nár athraigh siad rogha na Brasaíle mar thír ionadaíoch.

(97) D'athdhearbhaigh CPCIF a bharúlacha a tugadh ag an gcéim shealadach nach táirge comhchosúil iad plaisteacháin le APE. Thug Shekoy Europe an bharúil céanna. Níor sholáthair ceachtar den dá pháirtí táirge malartach comhchosúil níos oiriúnaí.

(98) Mhínigh an Coimisiún an fáth ar mheas sé gur táirge sa chatagóir ghinearálta chéanna le APE iad plaisteacháin in aithrisí (255) go (256) den Rialachán sealadach. Níor chuir aon cheann de na barúlacha a thug CPCIF ná Shekoy Europe na torthaí sin ó bhail.

(99) Dá bhrí sin, deimhnítear torthaí sealadacha an Choimisiúin in aithris (266).

(100) Tar éis nochtadh cinntitheach a dhéanamh, d'athdhearbhaigh CPCIF an maíomh a rinneadh ag an gcéim shealadach nár cheart don Choimisiún an Bhrasaíl a úsáid mar thír ionadaíoch. Níor chuir CPCIF aon argóint ná moladh nua ar fáil do thíortha ionadaíocha malartacha.

(101) D'áitigh CPCIF freisin go raibh an Coimisiún mícheart gan aibíocht na hearnála tionsclaíche maidir le roghnú na tíre ionadaíche a mheas ós rud é go bhféadfadh tionchar ollmhór a bheith ag difríochtaí ábhartha atá ann i staid eacnamaíoch na hearnála tionsclaíche ar oiriúnacht na tíre atá i gceist.

(102) Dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh ar na cúiseanna a mhínítear in aithris (94) agus in aithris (95) den Rialachán seo.

([9]) https://datahelpdesk.worldbank.org/knowledgebase/articles/906519-world-bank-country-and-lending-groups

3.4.1. *Amhábhair*

(103) Ina bharúlacha maidir leis an Rialachán sealadach, d'iarr an táirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Síne Anhui RunYue arís ar an gCoimisiún sonraí GTA maidir le praghsanna amhábhar a choigeartú chun costais lasta aigéin agus táillí árachais a bhaint toisc gur cheannaigh táirgeoirí na Síne amhábhair ón margadh áitiúil ar phraghsanna nach raibh na costais sin san áireamh iontu.

(104) Mar a míníodh cheana féin in aithris (288) den Rialachán sealadach, shuigh an Coimisiún praghas ceannaigh na n-ionchur a bhí ar fáil ar mhargadh intíre na tíre ionadaíche.

(105) Mar thoradh air sin, d'úsáid an Coimisiún an praghas allmhairiúcháin CAL go comhsheasmhach agus cuireann sé isteach na dleachtanna ar allmhairí agus na costais iompair is infheidhme chun a áirithiú go bhfuil an tagarmharc ar leibhéal seachadta chuig geata monarchan táirgeora tíre ionadaíche.

(106) Ós rud é nár sholáthair Anhui RunYue aon argóint nua chun tacú leis an maíomh sin, dhíbh an Coimisiún é.

(107) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh sealadach, d'iarr an táirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Síne Shandong Yarong go nochtfaí ríomh an tagarmhairc le haghaidh ocsaclóiríd fosfair, cé nár úsáideadh an tagarmharc sin ach amháin chun an gnáthluach a ríomh le haghaidh ceann amháin dá iomaitheoirí sampláilte, Anhui RunYue.

(108) Dhiúltaigh an Coimisiún d'iarraidh Shandong Yarong toisc go raibh an fhaisnéis faoi rún agus nár úsáideadh an tagarmharc chun a ghnáthluach a ríomh.

(109) Tar éis nochtadh cinntitheach a dhéanamh, d'athdhearbhaigh Shandong Yarong a iarraidh ar nochtadh an tagarmhairc le haghaidh $POCl_3$. Mar a léirítear thuas in aithris (108), ní dhearna an t-athbhreithniú ar an tagarmharc difear do ghnáthluach agus corrlach dumpála Shandong Yarong agus bhí faisnéis rúnda sa nochtadh. Dá bhrí sin, díbheadh an maíomh arís.

(110) D'iarr Shandong Yarong faisnéis, áfach, maidir le cé acu a bhí nó nach raibh costais SGA agus brabús san áireamh leis an ríomh tagarmhairc le haghaidh ocsaclóiríd fosfair. Míníodh an ríomh in aithris (270) den Rialachán sealadach.

(111) De réir Shandong Yarong, bunaithe ar an bhfaisnéis theoranta maidir leis an modheolaíocht a sholáthraítear sa Rialachán sealadach, ní raibh sé soiléir gur cuireadh costais SGA agus brabús san áireamh i ríomh an tagarmhairc le haghaidh ocsaclóiríd fosfair. D'áitigh an chuideachta gur cheart SGA agus brabús a áireamh sa tagarmharc sin chun aon idirdhealú idir táirgeoirí onnmhairiúcháin a sheachaint.

(112) D'aontaigh an Coimisiún gur cheart an praghas tagarmhairc ríofa do $POCl_3$ a bheith ina luach margaidh don ionchur, bunaithe ar chostais na n-amhábhar móide costais phróiseála, agus ar chostais SGA agus ar bhrabús as é a dhíol leis an gcustaiméir. Níor áiríodh praghas an tagarmhairc le haghaidh ocsaclóiríd fosfair ach costas an amhábhair a úsáideadh chun an táirge sin a tháirgeadh agus níor áiríodh aon chostas SGA ná brabús. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur ghá an tagarmharc ríofa a choigeartú agus SGA agus brabús curtha leis.

(113) Ós rud é nach raibh aon rochtain ag an gCoimisiún ar SGA ná ar bhrabús cuideachta a mhonaraíonn agus a dhíolann ocsaclóiríd fosfair ([10]) sa tír ionadaíoch, nó aon fhoinse costas SGA agus brabúis, úsáideadh SGA agus brabús Elekeiroz SA ina athróg ionadach is gaire a bhí ar fáil agus cuireadh iad leis an ríomh tagarmhairc atá ann cheana.

(114) Tar éis nochtadh cinntitheach a dhéanamh, chuir Anhui RunYue i gcoinne an athbhreithnithe ar an tagarmharc le haghaidh $POCl_3$ a rinneadh ag céim chinntitheach.

(115) Ar an gcéad dul síos, d'áitigh Anhui RunYue gur bhunaigh an Coimisiún athrú ábhartha den sórt sin ar an modh ríofa ar bharúlacha gan bhunús ó Shandong Yarong, gan míniú leordhóthanach a thabhairt ar na cúiseanna atá leis an athrú sin.

([10]) Déantar ocsaclóiríd fosfair a thrádáil ar fud an domhain i gcainníochtaí an-teoranta mar gheall ar a nádúr guaiseach (aithris 270 den Rialachán sealadach).

(116) Mheas an Coimisiún go raibh bunús maith le barúil Shandong Yarong maidir leis an ngá atá le costais SGA agus brabús a áireamh i ríomh POCl3. Go deimhin, bheadh sé réasúnach gur chinn díoltóir POCl3 an praghas díola trí SGA agus brabús a chur leis an gcostas monaraíochta. Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún coigeartú ar a ríomh tosaigh ar an tagarmharc.

(117) Ar an dara dul síos, mhaígh Anhui RunYue gur cheart don Choimisiún neamhaird a thabhairt ar bharúlacha Shandong Yarong ó tháinig siad i ndiaidh an spriocdháta agus nár chomhlíon siad ceanglais nós imeachta an imscrúdaithe frithdhumpála. D'áitigh Anhui RunYue gur cheart do Shandong Yarong barúlacha a thabhairt tar éis fhoilsiú an Dara Nóta maidir le tosca táirgeachta seachas maidir le nochtadh sealadach.

(118) Thug an Coimisiún dá aire gurbh é cuspóir an Dara Nóta páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoi na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Ní dhearna an fíoras nár thug Shandong Yarong barúil ar an Nóta difear dá cheart barúil a thabhairt ar na torthaí le linn céimeanna eile den imscrúdú agus go háirithe ar ríomh iarbhír an ghnáthluacha a mhínítear go mionsonraithe ag an gcéim shealadach amháin. Thairis sin, de réir Roinn 8 den Fhógra Tionscnaimh, bhí an deis ag Anhui RunYue barúil a thabhairt ar fhaisnéis a chuir páirtithe leasmhara eile isteach agus frithargóintí a sholáthar maidir leis an athbhreithniú ar an tagarmharc le haghaidh POCl3.

(119) Dá bhrí sin, níor mheas an Coimisiún gur cuireadh barúlacha Shandong Yarong isteach go míthráthúil ná gur sáraíodh ceart cosanta Anhui RunYue.

(120) Ar an tríú dul síos, mhaígh Anhui RunYue go raibh an coigeartú ar mhodh ríofa an tagarmhairc le haghaidh POCl3 míréasúnta go heacnamaíoch agus go raibh na costais SGA agus an brabús a úsáideadh le haghaidh an choigeartaithe sin míréasúnta freisin. D'áitigh Anhui RunYue nár cheart go mbeadh aon difríochtaí suntasacha i gcostas amhábhar i margadh lániomaíoch, sa chás seo POCl3, cibé acu a ceannaíodh iad nó a táirgeadh go hinmheánach iad, agus dá bhrí sin bhí an modh ríofa tosaigh réasúnta.

(121) D'áitigh Anhui RunYue dá nglacfadh an Coimisiún leis go raibh costas Anhui RunYue ar POCl3 difriúil leis an dá tháirgeoir shampláilte eile agus go raibh sé beartaithe leis costais SGA agus brabús do phraghas ceannaigh POCl3 a áireamh, go raibh sé míréasúnta costais SGA agus brabús a chur le costas monaraíochta POCl3 arna thógáil le cóimheasa tomhaltais an dá tháirgeoir shampláilte eile a tháirg POCl3 chun APE a tháirgeadh a thuilleadh. Ba cheart don Choimisiún cóimheasa tomhaltais clóirín agus fosfair bhuí a úsáid, chomh maith leis an SGA agus brabús, ó tháirgeoirí POCl3, in ionad táirgeoirí APE agus plaisteachán.

(122) D'áitigh an Coimisiún nach mbeadh difríocht shuntasach idir an costas chun POCl3 a mhonarú, bíodh sé beartaithe le haghaidh úsáid faoi chuing nó beartaithe lena dhíol. Mar sin féin, má tá sé beartaithe iad a dhíol, ní mór méid SGA agus brabús a chur le costas monaraíochta POCl3. Níl sé ach réasúnta go nginfeadh díolachán costais agus brabúis den sórt sin.

(123) Thairis sin, ní raibh aon bhunús le maíomh Anhui RunYue go raibh cóimheasa tomhaltais an dá tháirgeoir shampláilte eile d'fhosfar buí agus de chlóirín difriúil le cóimheasa tomhaltais táirgeoirí POCl3. Díorthaítear cóimheasa tomhaltais fosfair agus clóirín ó chothromóid cheimiceach agus is beag éagsúlacht a d'fhéadfadh a bheith i gcóimheasa an dá chomhpháirt den chothromóid. Thairis sin, ní hamháin gur tháirg na táirgeoirí sampláilte féin POCl3 agus a réamhtheachtaí PCl3 le haghaidh úsáid inmheánach ach freisin le díol agus úsáid á baint as an bpróiseas táirgthe céanna agus as na cóimheasa tomhaltais céanna.

(124) Ar deireadh, mheas Anhui RunYue freisin go raibh leibhéal na gcostas SGA agus an bhrabúis a úsáideadh don choigeartú sin míréasúnta, agus mhaígh sé nach raibh aon fhianaise ann go raibh sé i gcomhréir le leibhéal táirgeora POCl3.

(125) Mar a mhínítear in aithris (113), ós rud é nach raibh aon rochtain ag an gCoimisiún ar chostais SGA agus ar bhrabús cuideachta a mhonaraíonn agus a dhíolann POCl3 sa Bhrasaíl, chuaigh an Coimisiún i muinín na sonraí a bailíodh san imscrúdú seo agus is ionadaí réasúnta é ar chostais SGA agus ar bhrabús.

(126) Dá bhrí sin, díbheadh an maíomh.

(127) Tar éis nochtadh cinntitheach a dhéanamh, thug Quimidroga barúil freisin maidir leis an tagarmharc le haghaidh POCl3 agus chuir sé in iúl go ndearna an Coimisiún costais SGA agus brabús a chomhaireamh faoi dhó agus é á choigeartú. De réir Quimidroga, bhí SG&A agus méideanna brabúis i luach allmhairithe fosfair agus clóirín cheana féin.

(128) D'áitigh an Coimisiún gur cás tipiciúil é sin agus anailís á déanamh ar shlabhra luacha táirge. Áirítear le praghas ceannaigh na n-amhábhar SGA agus brabús an tsoláthróra, agus áirítear le praghas díolacháin an táirge deiridh, a dhéantar as na hamhábhair sin, SGA agus brabús na cuideachta monaraíochta. Dá bhrí sin, tá gá le haitheantas a thabhairt do SGA agus do bhrabús gach eintitis sa slabhra luacha. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

3.4.2. *Saothar*

(129) Sna barúlacha a thug siad ar an Rialachán sealadach, chuir Angui Runyue agus CPCIF araon i gcoinne úsáid an phraghasinnéacs náisiúnta tomhaltóirí ('INPC', Índice Nacional de Preços ao Consumidor) chun costais saothair 2021 a d'fhoilsigh IBGE (Institiúid na Brasaíle um Thíreolaíocht agus Staidreamh, Instituto Brasileiro de Geografia e Estatística) a thabhairt cothrom le dáta ar na cúiseanna céanna a leagtar amach in aithris (306) den Rialachán sealadach. Chuir Anhui RunYue i gcoinne freisin gur dhiúltaigh an Coimisiún dá mhaíomh toisc nár thug an chuideachta bunús leis le fianaise agus ba é dualgas cruthúnais an Choimisiúin an nasc a chruthú idir úsáid sonraí INPC agus IBGE.

(130) Mhínigh an Coimisiún cheana féin in aithris (307) den Rialachán sealadach go raibh INPC dírithe ar chumhacht cheannaigh na dtuarastal a cheartú trí bhíthin athruithe ar phraghsanna a thomhas i mbascaed an daonra ar ioncam is ísle tuarastal agus, dá bhrí sin, úsáideadh go forleathan é i gcaibidlíocht pá ([11]). Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur innéacs iomchuí é INPC chun méaduithe ar phá a thomhas agus chun an costas saothair sa Bhrasaíl a thabhairt cothrom le dáta.

(131) Ós rud é nár soláthraíodh aon ghné eile i mbarúlacha Anhui RunYue, diúltaíodh don mhaíomh.

(132) Chuir CPCIF i gcoinne an Choimisiúin a bheith ag úsáid sonraí IBGE chun tagarmharc an chostais saothair sa Bhrasaíl a ríomh toisc gur mheas sé nach raibh an tacar sonraí sin, bunaithe ar shuirbhéanna, chomh hionadaíoch le tacar EIS, ar cheart é a úsáid ina ionad.

(133) Diúltaíodh don mhaíomh céanna cheana féin in aithris (298) den Rialachán sealadach agus níor sholáthair CPCIF aon fhaisnéis bhreise chun an chonclúid shealadach sin a athrú.

(134) Thug an Coimisiún dá aire freisin go mbailíonn EIS na sonraí maidir leis an margadh saothair ó thacair sonraí (suirbhéanna ar an bhfórsa saothair den chuid is mó) arna dtiomsú ag oifigí staidrimh náisiúnta ar fud an domhain ([12]). Maidir leis an mBrasaíl, is ó IBGE a fhoinsíonn EIS na sonraí staidrimh, le haghaidh tuilleamh míosúil agus uaireanta oibre araon. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go raibh sonraí príomhúla ó IBGE chomh hionadaíoch céanna, nó níos ionadaíche, le sonraí ó EIS agus, dá bhrí sin, gur foinse iomchuí iad chun an tagarmharc saothair a shuí.

(135) D'athdhearbhaigh Shandong Yarong an bharúil, a rinneadh ag an gcéim shealadach, maidir le ríomh an tagarmhairc, ag cur i gcoinne dhá fhoinse éagsúla a úsáid, staitisticí IBGE maidir leis an gcostas saothair agus staitisticí EIS maidir le huaireanta oibre, chun an costas saothair in aghaidh na huaire sa Bhrasaíl a ríomh, agus ag iarraidh ina ionad sin uaireanta oibre sa tSín a úsáid nó brath ar staitisticí EIS amháin.

(136) D'áitigh Shandong Yarong nach raibh sé ceart sonraí ó IBGE agus EIS a úsáid ós rud é gur chiallaigh sé sin úsáid a bhaint as meascán d'fhoinsí neamhghaolmhara, sin foinsí nach bhfuil gaolmhar le chéile. D'easaontaigh an Coimisiún le Shandong Yarong ar na cúiseanna céanna agus a bhí in aithris (134), eadhon, toisc gur ó shonraí IBGE a fuarthas na sonraí príomhúla go léir. Dá bhrí sin, díbheadh an maíomh.

(137) A mhéid a bhaineann leis an iarraidh ar uaireanta oibre na Síne a úsáid, diúltaíodh don iarraidh sin, ós rud é gurb é cuspóir an ríomha costas uair saothair sa Bhrasaíl a shainaithint agus tá sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún é a ríomh trí shonraí foilsithe na Brasaíle a úsáid, seachas na huaireanta a oibríodh sa tSín.

([11]) https://www.bcb.gov.br/en/monetarypolicy/priceindex (ar breathnaíodh air go deireanach an 2 Meitheamh 2024).
([12]) https://ilostat.ilo.org/about/data-collection-and-production/(ar breathnaíodh air go deireanach an 2 Meitheamh 2024).

(138) A luaithe a bheidh an tagarmharc ríofa ag an gCoimisiún, is é sin an costas a bhaineann le saothar uair an chloig sa Bhrasaíl trí úsáid a bhaint as uaireanta oibre na Brasaíle, cuirtear an costas sin in ionad an chostais a bhaineann le saothar uair an chloig sa tSín agus an gnáthluach á ríomh. Níl an líon uaireanta a oibríodh sa tSín, an 'cóimheas tomhaltais', ach ina chuid de ríomh an ghnáthluacha ansin.

(139) Tar éis nochtadh cinntitheach a dhéanamh, d'athdhearbhaigh Shandong Yarong an maíomh gur cheart an tagarmharc saothair a thógáil trí úsáid a bhaint as uaireanta oibre tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne nó tríd an bhfoinse chéanna sonraí a úsáid, is é sin EIS.

(140) Mhínigh an Coimisiún cheana féin in aithris (134) gurbh iad na sonraí staidrimh a bhailigh IBGE an phríomhfhoinse le haghaidh costas saothair agus uaireanta oibre araon. Mheas an Coimisiún go raibh sé sin i gcomhréir leis an méid a chreid Shandong Yarong a bheith ina 'chur chuige comhleanúnach ó thaobh na modheolaíochta de, [is é sin] chun an tacar sonraí céanna a úsáid chun an tagarmharc iomlán a ríomh' ([13]).

(141) Os a choinne sin, níorbh fhéidir an rud céanna a rá faoi ríomh an tagarmhairc saothair trí úsáid a bhaint as sonraí ó dhá thír a bhfuil dlíthe saothair éagsúla agus meánuaireanta oibre éagsúla acu, mar a mhol Shandong Yarong.

(142) Thairis sin, tá an mhodheolaíocht a d'úsáid an Coimisiún i gcomhréir lena chleachtas roimhe seo i gcásanna inar roghnaíodh an Bhrasaíl mar thír ionadaíoch ([14]).

(143) Ós rud é nár thug Shandong Yarong aon eilimintí fíorasacha nua ar aghaidh, diúltaíodh don mhaíomh.

(144) D'athdhearbhaigh CPCIF freisin an maíomh a rinne sé ag an gcéim shealadach go raibh costais bhoilscithe fostóirí mar thoradh ar mhodheolaíocht an Choimisiúin, gan aon argóint nua a thabhairt chun cinn. Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh ar na cúiseanna céanna a mhínítear in aithrisí (300) go (302) den Rialachán sealadach.

(145) Dá bhrí sin, deimhnítear conclúidí an Choimisiúin in aithrisí (275) go (313) den Rialachán sealadach.

3.4.3. *Leictreachas*

(146) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir le ríomh an tagarmhairc seo. Dá bhrí sin, deimhnítear na torthaí sealadacha agus na conclúidí sealadacha in aithrisí (314) go (318) den Rialachán sealadach.

3.4.4. *Gal*

(147) Ina bharúlacha ar an Rialachán sealadach, d'iarr CPCIF arís ar an gCoimisiún praghas an ghuail gaile a úsáid i ríomh an tagarmhairc gaile, nó 50 % ar a laghad de ghual gaile agus 50 % de ghás nádúrtha a úsáid.

(148) Míníodh an úsáid a bhain an Coimisiún as gás nádúrtha chun an tagarmharc gaile sa Bhrasaíl a ríomh in aithrisí (320) agus (321) den Rialachán sealadach, lena n-áirítear an chúis le gás nádúrtha a úsáid seachas gual gaile.

(149) Dá bhrí sin, diúltaítear don mhaíomh arís agus deimhnítear an chonclúid shealadach.

3.4.5. *SGA agus brabús*

(150) Fuarthas sonraí le haghaidh SGA agus brabús atá le húsáid chun gnáthluach leibhéil díreach ón monarcha a ríomh ó chuntais 2022 an táirgeora ón mBrasaíl Elekeiroz SA agus úsáideadh an modh a leagtar amach in aithrisí (325) go (329) den Rialachán sealadach.

(151) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis an modh sin agus, dá bhrí sin, deimhníodh an chonclúid shealadach.

([13]) Barúlacha Shandong Yarong maidir leis an nochtadh deiridh, mír 43.
([14]) IO L 169, 4.7.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1404/oj

3.4.6. *Ríomh an ghnáthluacha*

(152) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis an ríomh seo, mar a leagtar amach in aithrisí (330) go (333) den Rialachán sealadach, agus deimhníodh an chonclúid shealadach dá bhrí sin.

3.5. **An praghas onnmhairiúcháin**

(153) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis an modh chun an praghas onnmhairiúcháin a ríomh, mar a leagtar amach in aithrisí (334) go (336) den Rialachán sealadach, agus deimhníodh an chonclúid shealadach dá bhrí sin.

3.6. **Comparáid**

(154) Ina bharúlacha maidir le nochtadh sealadach, luaigh an táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte de chuid na Síne Shandong Yarong nach ndearna an Coimisiún comparáid chóir idir an gnáthluach ríofa a ríomhadh faoi Airteagal 2(6a) agus praghas onnmhairiúcháin na cuideachta, mar a cheanglaítear le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán.

(155) Thug Shandong Yarong dá aire nach mór costais lasta, pacáistithe agus airgeadais a bheith san áireamh le SGA a úsáideadh chun an gnáthluach a ríomh, a tógadh ó chuntais phoiblí 2022 de Elekeiroz SA.

(156) Mar sin féin, bhain an Coimisiún na costais sin agus costais eile ó phraghas onnmhairiúcháin Shandong Yarong, chun an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú go leibhéal 'díreach ón monarcha'.

(157) Ós rud é nach bhfuil miondealú níos mionsonraithe ar SGA Elekeiroz foilsithe ná curtha ar fáil go héasca, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí an gnáthluach ríofa a choigeartú go dtí an leibhéal céanna leis an bpraghas onnmhairiúcháin, d'iarr Shandong Yarong go bhfanfadh na costais sin sa phraghas onnmhairiúcháin, chun comparáid chóir a áirithiú.

(158) Rinne Shandong Yarong tagairt don bhreithiúnas ón gCúirt Ghinearálta i gcás T-762/20 ([15]) *Sinopec* atá faoi achomharc, ([16]) agus a mheas an pointe coigeartaithe sin ar an bpraghas onnmhairiúcháin faoi Airteagal 2(10) den bhun-Rialachán inar ríomhadh an gnáthluach faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(159) Dhiúltaigh an Coimisiún don iarraidh sin ós rud é nár léirigh Shandong Yarong nár tuairiscíodh na costais SGA; costais A a d'úsáid an Coimisiún cheana féin ar leibhéal an phraghais díreach ón monarcha, mar a fhaightear in aithrisí (330) go (333) den Rialachán sealadach, nó go mbeadh méid costais SGA mar thoradh orthu nach mbeadh 'réasúnta' ar an leibhéal trádála sin, de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(160) Mar a tugadh faoi deara in aithrisí (330) go (333) den Rialachán sealadach, mheas an Coimisiún an méid le haghaidh costais SGA; a úsáideadh chun an gnáthluach réasúnta a ríomh don leibhéal trádála ar a ríomhadh an gnáthluach, is é sin díreach ón monarcha. Seachas dearbhú gan bhunús maidir le hábhar SGA a d'úsáid an Coimisiún, níor cheistigh aon pháirtí leasmhar an toradh sin.

(161) In aon chás, meabhraíonn an Coimisiún go gcuireann Airteagal 2(10) den bhun-Rialachán d'oibleagáid ar an gCoimisiún comparáid a dhéanamh idir an praghas onnmhairiúcháin agus an gnáthluach ar an leibhéal trádála céanna. Roghnaigh an Coimisiún comparáid a dhéanamh idir an dá cheann ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha. Chuige sin, rinneadh an praghas onnmhairiúcháin a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal trádála sin.

(162) Maidir leis an ngnáthluach, tá sé i bhfad níos dóchúla gur bhain na costais SGA; costais a d'úsáid an Coimisiún sa ríomh le leibhéal trádála díreach ón monarcha ([17]) ná go dtabharfaí go dtí an leibhéal sin iad le laghdú treallach go hiomlán aineolach ar na costais sin. Rogha eile a bheadh ann gan an praghas onnmhairiúcháin a ghlanluacháil ar ais go dtí leibhéal na trádála díreach ón monarcha. Sa chás sin, bheadh sé beagnach dodhéanta an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a chur i gcomparáid ar an leibhéal céanna trádála. Dá bhrí sin, is léir nach gcomhlíonfaí ceanglas Airteagal 2(10).

([15]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:62020TJ0762

([16]) Cás C-319/24 P, An Coimisiún v Sinopec Chongqing SVW Chemical agus eile, ar feitheamh.

([17]) Léirítear i gcuntais iniúchta na cuideachta gur ullmhaíodh iad i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais, agus ní thugann na caighdeáin sin sainordú gur cheart costais lasta, pacáistithe agus airgeadais a chur sa leabhar i gcostas na n-earraí a díoladh nó in SGA. Chomh maith leis sin, ní sholáthraíonn na cuntais iniúchta aon fhianaise gur thabhaigh an chuideachta na costais sin. Mar shampla, níor aimsigh an Coimisiún aon tagairt don chuideachta ag tabhú aon chostas lasta aigéin.

(163) I bhfianaise na roghanna malartacha sin, is léir, agus é á chinneadh go bhfuil na costais SGA a úsáidtear sa chás seo ‘réasúnta’ le haghaidh leibhéal na trádála díreach ón monarcha, agus in éagmais aon léiriú soiléir dá mhalairt (féach aithris 159 thuas), gur ghníomhaigh an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagail 2(6a) agus 2(10) den bhun-Rialachán.

(164) Tar éis nochtadh cinntitheach a dhéanamh, chuir Shandong Yarong a mhaíomh isteach arís, ag áitiú go raibh an dualgas cruthúnais ar Shandong Yarong á aisiompú ag an gCoimisiún, agus ag athdhearbhú an mhaímh gur ar an gCoimisiún atá an fhreagracht comparáid chothrom a áirithiú.

(165) Mhaígh Shandong Yarong arís gan bunús a thabhairt leis gur maith is eol go ndéantar na costais last-táille, pacáistithe agus airgeadais a chur in áirithe de ghnáth i gcostais SGA, agus tagairt bhreise á déanamh do Chaighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 1.99 de IFRS, ina luaitear nach mór costais a aithnítear sa ráiteas brabúis agus caillteanais a aicmiú de réir a gcineáil nó a bhfeidhme. Dá bhrí sin, tháinig Shandong Yarong ar an gconclúid, má thabhaítear costais lasta, árachais nó phacáistithe chun earraí a sheachadadh do chustaiméir mar chuid d’idirbheart díola, gur cheart iad a aicmiú mar chostais SGA agus costais a bhaineann leis na díolacháin sin. Mar sin féin, níor léirigh Shandong Yarong gurbh amhlaidh a bhí i gcás Eleikeiroz.

(166) I ndáil leis sin, thug an Coimisiún dá aire go gceanglaítear le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán nach mór méid neamhshaofa agus réasúnach i gcomhair costais SGA agus brabús a áireamh sa ghnáthluach ríofa. Dá bhrí sin, ní mór don Choimisiún na méideanna sin a shuí de réir dhá chritéar: ní mór dóibh a bheith réasúnta agus neamhshaofa. Lasmuigh de na critéir sin, tá lánrogha nach beag ag an gCoimisiún i bhfianaise na measúnuithe eacnamaíocha casta atá i gceist.

(167) Ar mhaithe le trédhearcacht agus chun na méideanna do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte a chalabrú go dlúth, is iondúil go n-úsáideann an Coimisiún sonraí atá ar fáil go héasca ó chuideachtaí cosúil leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tír ionadaíoch. Agus na sonraí sin á n-úsáid aige, sainaithníonn an Coimisiún cóimheasa idir costais mhonaraíochta, costais SGA agus brabúis sna cuideachtaí sin. Cuirtear na cóimheasa sin i bhfeidhm ansin maidir le costais mhonaraíochta neamhshaofa na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte chun méideanna réasúnta neamhshaofa a chinneadh le haghaidh costais SGA agus brabúis.

(168) Murab ionann agus an méid a mholann Shandong Yarong, ní úsáideann an Coimisiún costais SGA agus brabús tríú cuideachta go díreach. Ina ionad sin, úsáideann an Coimisiún ráta na cuideachta sin (cóimheas) idir a costais mhonaraíochta agus a costais SGA agus a brabúis. Cuirtear na rátaí sin i bhfeidhm ansin ar chostais mhonaraíochta ríofa na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte chun méideanna neamhshaofa agus réasúnta a shuí le haghaidh chostais SGA agus brabús.

(169) Argóintí ina léirítear go n-áirítear na méideanna costas áirithe seachas ceann eile, tá na hargóintí sin iomrallach. Tá na méideanna sin bunaithe ar chóimheas a thógtar ó chuideachta amháin, a chuirtear i bhfeidhm ar thagarmharcanna ríofa ó fhoinsí atá ar fáil go héasca, iolraithe faoi rátaí úsáide ó chuideachta eile. Is ríomhanna glana iad nach féidir a mhiondealú ina n-eilimintí costais aonair. Níl sé i gceist leo costais SGA gach táirgeora onnmhairiúcháin a léiriú go hiomlán i margadh intíre, toisc nach féidir cinneadh den sórt sin a dhéanamh. Ina ionad sin, is méideanna coibhéiseacha iad atá réasúnach agus neamhshaofa, mar a shainordaítear le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(170) Dá gcuirfeadh Shandong Yarong faisnéis iontaofa inchainníochtaithe ar fáil don Choimisiún a léiríonn gur áiríodh sna costais SGA sa tír ionadaíoch eilimintí nach mbíonn i láthair de ghnáth ar leibhéal trádála an phraghais díreach ón monarcha, bheadh coigeartú déanta ag an gCoimisiún i leith na n-eilimintí sin. Níor chuir Shandong Yarong faisnéis den sórt sin ar fáil. De rogha air sin, faoin gcaighdeán dlíthiúil san fhomhír dheireanach d’Airteagal 2(6a)(a), d’fhéadfadh Shandong Yarong a áitiú go raibh na méideanna a suíodh míréasúnta nó saofa. Seachas a áitiú go raibh an ráta bunaithe SGA difriúil lena ráta féin (féach aithrisí (181) agus (182)), níor chuir Shandong Yarong argóintí ar fáil go raibh na méideanna sin míréasúnta nó saofa.

(171) Ar deireadh, i bhfianaise cheanglais Airteagal 2(6a)(a) agus Airteagal 2(10) den bhun-Rialachán agus na modheolaíochta a thuairiscítear, bhí trí rogha ag an gCoimisiún.

(172) Ar an gcéad dul síos, d'fhéadfadh an Coimisiún caitheamh leis go raibh na méideanna le haghaidh costais SGA agus brabús a suíodh, agus chaith sé leo, mar a mhínítear in aithrisí (168) go (170), mar mhéideanna neamhshaofa agus réasúnta le haghaidh leibhéal na trádála díreach ón monarcha. Tá toimhde den sórt sin réasúnach. D'fhéadfadh sé, mar shampla, nár thabhaigh an chuideachta sa tríú tír na costais iompair i gceist ar chor ar bith (d'fhéadfadh sé a bheith ag díol ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha). Rinne an Coimisiún tástáil ar an hipitéis sin le páirtithe leasmhara, agus thug sé cuireadh dóibh barúlacha a thabhairt. Mar sin féin, mar a mhínítear in aithris (170), níor cuireadh isteach aon bharúil a bhí ag teacht salach go héifeachtach ar an hipitéis.

(173) Ar an dara dul síos, mar a mhínítear in aithris (162), d'fhéadfadh an Coimisiún laghdú treallach aineolach a dhéanamh ar chostais SGA a suíodh. Mura mbeadh bunús leis an laghdú sin, is éard a bheadh ann go bunúsach ná saobhadh ar an luach bunaithe agus sháródh sé an fhomhír dheireanach d'Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(174) Ar deireadh, mar a d'iarr Shandong Yarong, d'fhéadfadh an Coimisiún glanluacháil an phraghais onnmhairiúcháin a sheachaint ar ais go dtí an leibhéal trádála díreach ón monarcha sula gcuirfí i gcomparáid é leis an ngnáthluach ríofa. Tá sé beagnach dodhéanta go mbeadh leibhéal trádála den sórt sin, arna chinneadh de réir théarmaí díolacháin gach idirbhirt le linn na tréimhse imscrúdaithe, ag teacht leis an leibhéal trádála ar a raibh an SGA a úsáideadh bunaithe. Go deimhin, ós rud é go ndíolann táirgeoirí onnmhairiúcháin leis an Aontas de ghnáth faoi théarmaí seachadta éagsúla, gan an praghas onnmhairiúcháin a ghlanluacháil ar ais, ní shuífí an praghas onnmhairiúcháin ar leibhéal uathúil trádála ach dhéanfaí roinnt leibhéal a chónascadh.

(175) Mar a mhínítear in aithris (162), tar éis iarraidh Shandong Yarong, shárófaí Airteagal 2(10) den bhun-Rialachán. Níor chuir Shandong Yarong in aghaidh an toraidh sin ina bharúlacha maidir leis an nochtadh cinntitheach ach d'athdhearbhaigh sé a iarraidh.

(176) Mar gheall ar na cúiseanna a bhfuil achoimre orthu thuas, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(177) Mhaígh Shandong Yarong gur fhorchuir an Coimisiún ualach 'neamhréasúnach' orthu. Is éard a bhí san ualach sin ná gur iarr an Coimisiún ar Shandong Yarong údar a thabhairt le modheolaíocht a roghnaigh an Coimisiún féin. I gcás Shandong Yarong, is sárú é sin ar phrionsabal an dea-riaracháin agus ar Airteagal 2.4 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT.

(178) Sholáthair an Coimisiún an fhaisnéis uile a bhí ar fáil do Shandong Yarong maidir leis na costais SGA a úsáideadh agus d'iarr sé ar Shandong Yarong barúil a thabhairt maidir leis na sonraí sin. Níor mhaígh Shandong Yarong gur theip ar an gCoimisiún an fhaisnéis ba ghá a nochtadh chun coigeartú a iarraidh. Ina ionad sin, cháin Shandong Yarong an Coimisiún toisc nach raibh miondealú mionsonraithe aige ar chostais SGA a úsáideadh chun an ráta a cuireadh i bhfeidhm chun an gnáthluach a ríomh a shuí.

(179) Trí na sonraí go léir a bhí ina sheilbh aige a bhaineann leis an gcoigeartú a iarradh a nochtadh, gan beann ar cé acu a bhí nó nach raibh na sonraí leordhóthanach chun na gcríoch a bhí beartaithe ag Shandong Yarong, chomhlíon an Coimisiún a oibleagáidí nós imeachta.

(180) Dá réir sin, níor sháraigh an Coimisiún prionsabal an dea-riaracháin ná Airteagal 2.4 den Chomhaontú Frithdhumpála trí dhualgas cruthúnais míréasúnta a fhorchur. Diúltaítear, dá bhrí sin, don mhaíomh sin.

(181) Mheas Shandong Yarong, gan bunús a thabhairt dó, nach bhfuil 8,49 % de na costais SGA réasúnta don leibhéal trádála 'díreach ón monarcha'. Chuir Shandong Yarong an céatadán seo i gcomparáid lena SGA féin atá níos ísle.

(182) Thug an Coimisiún faoi deara, díreach toisc go raibh na costais SGA a úsáideadh níos airde ná an méid a bhain Shandong Yarong amach ar leibhéal 'díreach ón monarcha', nach bhfágann sé sin go bhfuil sé míréasúnta de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a), an fhleasc dheireanach, den bhun-Rialachán. Go deimhin, tá ráta SGA Shandong Yarong éagsúil le rátaí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte eile. Ní fhágann sé sin go bhfuil ceann amháin nó an ceann eile míréasúnta. In éagmais aon údar eile maidir leis an bhfáth a mbeadh 8,49 % de chostais SGA míréasúnta ar leibhéal trádála díreach ón monarcha, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(183) Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

3.7. **An corrlach dumpála a ríomh**

(184) D'iarr Shandong Yarong ar an gCoimisiún a chorrlach dumpála a ríomh ar bhonn ráithiúil. Bhunaigh an chuideachta é sin ar athruithe ar phraghas na n-amhábhar le linn na tréimhse imscrúdúcháin a luaigh an chuideachta go bhfuil sé léirithe i bpraghas díola APE.

(185) Diúltaíodh don mhaíomh sin ar na cúiseanna seo a leanas:

(186) Ar an gcéad dul síos, níl na luaineachtaí i bpraghas amhábhar sa tSín ábhartha maidir le ríomh an ghnáthluacha, toisc go bhfuil sé sin bunaithe ar mheánphraghsanna allmhairiúcháin isteach sa Bhrasaíl thar 12 mhí den tréimhse imscrúdúcháin.

(187) Ar an dara dul síos, ní éilíonn an chuideachta go n-athródh a gcóimheasa tomhaltais amhábhar in aghaidh na ráithe, arb é sin an t-aon sonra ón gcuideachta a úsáidtear chun gnáthluach a ríomh.

3.8. **Corrlaigh dhumpála**

(188) Mar a thugtar tuairisc air in aithrisí (110) go (113) thuas, ghlac an Coimisiún leis an maíomh a bhaineann leis an tagarmharc a ríomh le haghaidh oscaclóiriú fosfair agus mar thoradh air sin rinne sé athbhreithniú ar an gcorrlach dumpála do Anhui RunYue agus, dá bhrí sin, ar mheán na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte.

(189) Seo a leanas na corrlaigh dhumpála chinntitheacha arna sloinneadh ina gcéatadáin den phraghas costais, árachais agus last-táille (CAL) ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála cinntitheach
Anhui RunYue Technology Co., Ltd.	53,1 %
Nantong Jiangshan Agrochemical & Chemicals Limited Liability Co.	68,4 %
Shandong Yarong Chemical Co., Ltd.	63,0 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile nár sampláladh a liostaítear in Iarscríbhinn	61,3 %
Gach cuideachta eile	68,4 %

4. **DÍOBHÁIL**

4.1. **Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(190) Mhaígh Purinova toisc nach dtáirgtear TEP san Aontas, nach bhfuil aon tionscal de chuid an Aontais ann de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán agus nach bhféadfadh allmhairí TEP ón tSín aon díobháil a dhéanamh do thionscal an Aontais ós rud é nach bhfuil aon tionscal de chuid an Aontais ann.

(191) Rinne an Coimisiún measúnú in aithrisí (27) go (57) ar na hiarrataí ar eisiamh tháirgí TEP ón raon táirgí agus tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil TEP mar chuid den raon sin. Cé nár tháirg tionscal an Aontais an cineál táirge sin, chinn an Coimisiún gur táirge comhchosúil é TEP le TCPP. De bhun Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán, is é tionscal an Aontais táirgeoirí táirgí comhchosúla an Aontais ina n-iomláine, lena n-áireofaí, dá bhrí sin, táirgeoirí TCPP. Thairis sin, faoi Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán, d'fhéadfadh sé go gciallódh táirge comhchosúil táirge eile a bhfuil saintréithe aige atá an-chosúil le saintréithe an táirge faoi bhreathnú, cé nach cosúil gach gné de leis na saintréithe sin. Diúltaíodh don mhaíomh ar an gcúis sin.

(192) In éagmais aon bharúil bhreise maidir leis an sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais, deimhníodh na conclúidí a leagtar amach in aithrisí (353) go (354) den Rialachán sealadach.

4.2. **Margadh ábhartha an Aontais a chinneadh**

(193) In éagmais aon bharúil maidir le margadh ábhartha an Aontais a chinneadh, deimhníodh na conclúidí a leagtar amach in aithrisí (355) go (359) den Rialachán sealadach.

4.3. **Tomhaltas an Aontais**

(194) In éagmais aon bharúil maidir le tomhaltas an Aontais, deimhníodh na conclúidí a leagtar amach in aithrisí (360) go (368) den Rialachán sealadach.

4.4. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

(195) Tar éis nochtadh sealadach, d'áitigh CPCIF gur léirigh an méadú ar mhéid na n-allmhairí APE ón tSín idir 2021 agus an tréimhse imscrúdúcháin treocht shoiléir maidir le hathbhunú na cothromaíochta soláthair/éilimh agus filleadh ar ghnáth-dhálaí an mhargaidh tar éis dheireadh ghéarchéim Covid-19 agus nach léir go bhfuil allmhairí ollmhóra ón tSín chuig an Aontas.

(196) D'áitigh na gearánaigh go raibh méideanna na n-allmhairí ón tSín fós ollmhór le linn na tréimhse ar fad a breithníodh agus gur tháinig an faoiseamh do na Gearánaigh le linn thréimhse Covid-19 mar gheall ar laghdú ar bhrú praghsanna ó allmhairí ón tSín, i bpáirt mar gheall ar na costais arda iompair idir an tSín agus an tAontas an tráth sin, agus sciar margaidh na Síne fós mór.

(197) Chinn an Coimisiún gur léirigh allmhairí ón tSín méadú 5 % le linn na tréimhse a breithníodh, a thosaigh in 2019 agus, dá bhrí sin, sa tréimhse roimh ghéarchéim Covid-19. Mar a leagtar amach in aithris (371) den Rialachán sealadach, is cosúil go bhfuil an laghdú ar allmhairí ón tSín le linn 2020 agus 2021 eisceachtúil agus baineann sé le srianta lóistíochta sealadacha agus le moilliú ar shreabha trádála idirnáisiúnta. Gan an dá bhliain sin a chur san áireamh mar bhlianta urghnácha, tá treocht mhéadaitheach na n-allmhairí dumpáilte ón tSín níos follasaí fós. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún maíomh CPCIF a dhíbhe.

(198) Mhaígh Quimidroga nár thug an Coimisiún aghaidh ar an bhfíoras gur tháinig laghdú 9 % ar mhéid na n-allmhairí idir 2022 agus an tréimhse imscrúdúcháin agus nárbh ann d'aon mhéadú ar allmhairí tar éis thionscnamh an imscrúdaithe.

(199) Go deimhin, léiríodh i dTábla 3 den Rialachán sealadach gur tháinig laghdú ar na hallmhairí ó 2022 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin. Mar sin féin, ba cheart é sin a mheas i bhfianaise treocht laghdaitheach i dtomhaltas an Aontais, áit ar tháinig méadú 3 phointe céatadáin go 80 % fós ar sciar margaidh na Síne d'ainneoin an laghdaithe sin i ndearbhmhéid allmhairí ón tSín ó 2022 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin. Freisin, agus measúnú á dhéanamh ar an tréimhse iomlán a breithníodh, tháinig méadú 5 % ar allmhairí ón tSín. Dá bhrí sin, diúltaíodh maíomh Quimidroga.

(200) Bhréagnaigh CPCIF go raibh sochtadh mór praghais do thionscal an Aontais mar thoradh ar allmhairí APE ón tSín. Thug CPCIF le fios, cé go raibh leibhéal méadaithe na bpraghsanna thart ar 33 % níos ísle ar an meán ná praghsanna an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin, gur léirigh allmhairí ón tSín treocht an mhargaidh maidir le méadú ar chostais agus ar phraghsanna agus gur tosca eile nach raibh ionadaíoch ar ghnáthdhálaí an mhargaidh ba chúis leis an méadú eisceachtúil ar phraghas táirgeoirí an Aontais den chuid is mó, amhail costas ard fuinnimh agus saothair thionscal an Aontais tar éis Covid-19 agus fogha míleata na Rúise ar an Úcráin.

(201) Mheas CPCIF nach raibh aon éifeacht shochtach ná dímheasa ar phraghsanna an Aontais ag sladghearradh praghsanna allmhairí APE ón tSín, ar phraghsanna iad a lean de bheith ag fás le linn na tréimhse a breithníodh. Ní raibh tionchar ag na praghsanna ón tSín ar bhealach ar bith ar na praghsanna a shocraigh táirgeoirí an Aontais, rud a léirítear leis an bhfíoras go bhféadfadh tionscal an Aontais praghas APE a mhéadú os cionn leibhéal na treochta in 2022. Bhí táirgeoirí an Aontais in ann a bpraghsanna a choinneáil i bhfad os cionn a gcostas táirgthe seachas le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin agus, dá bhrí sin, ní raibh aon éifeacht ag sladghearradh praghais corrlaigh allmhairí na Síne ar chumas táirgeoirí an Aontais a bpraghsanna a mhéadú go dtí 2022.

(202) Thug na gearánaigh freagra ar na maímh sin, á rá go bhfuil difríocht mhór praghsanna idir praghas allmhairiúcháin na Síne agus praghas thionscal an Aontais, ar cheart a mheas gur toisc díobhála chinntitheach é.

(203) Ar dtús, tugann an Coimisiún dá aire gur dhá éifeacht neamhspleácha ar phraghsanna iad sladghearradh agus sochtadh praghsanna a liostaítear in Airteagal 3(3) den bhun-Rialachán mar roghanna malartacha, a d'fhéadfadh tarlú i gcomhthráth i gcás ar leith nó nach bhféadfadh. Mar a leagtar amach in aithrisí (398) agus (440) go (441) den Rialachán sealadach, fuarthas amach san imscrúdú nach raibh tionscal an Aontais in ann an méadú mór ar chostas amhábhar a chur ar aghaidh. Le sciar 80 % den mhargadh, ba léir go raibh allmhairí ón tSín in ann praghas margaidh an táirge faoi imscrúdú a shocrú. Cé gur tháinig méadú 42 % ar chostas aonaid táirgthe thionscal an Aontais, ní raibh sé in ann a phraghsanna a mhéadú ach 36 %. Dá bhrí sin, ní fhéadfadh tionscal an Aontais an méadú costais a bhí air mar gheall ar shochtadh praghsanna na n-allmhairí ón tSín a fhritháireamh. Ní raibh an meánphraghas allmhairiúcháin ón tSín in 2020 agus 2021 ag sladghearradh phraghas thionscal an Aontais agus d'fhéadfadh tionscal an Aontais brabúis a charnadh go príomha mar gheall ar ghéarchéim eisceachtúil Covid-19 agus ar na costais arda lasta le linn na tréimhse sin. Ó 2022 ar aghaidh, áfach, nuair a d'fhill an margadh ar an staid roimh Covid, thosaigh allmhairí ón tSín ag sladghearradh phraghsanna thionscal an Aontais arís agus rinneadh caillteanas de bhrabúsacht thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, bhí tionchar ag allmhairí ón tSín ar chumas tháirgeoirí an Aontais a bpraghas a shocrú agus, dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(204) D'áitigh Shekoy Europe agus Quimidroga go bhfuil na sonraí maidir le tomhaltas an Aontais, méideanna allmhairí ón tSín, an sciar den mhargadh atá ag na hallmhairí sin, agus na praghsanna allmhairiúcháin claonta mar gheall ar TEP a bheith san áireamh leis an staidreamh cé nach dtáirgeann tionscal an Aontais ach TCPP.

(205) Mar a leagtar amach in aithrisí (27) go (57), dhiúltaigh an Coimisiún d'eisiamh TEP ón raon táirgí. Dá bhrí sin, déantar an anailís ar allmhairí ar bhonn comhiomlánaithe le haghaidh na gcineálacha táirge uile a thagann faoin táirge atá faoi imscrúdú. Thairis sin, mar a luaitear in aithris (377) den Rialachán sealadach, lean praghas an dá chineál táirge an treocht chéanna.

(206) D'áitigh Quimidroga nach bhfuil an ríomh sladghearrtha a leagtar amach in aithrisí (378) agus (379) den Rialachán sealadach bunaithe ach ar allmhairí TCPP ón tSín agus ar dhíolacháin thionscal TCPP an Aontais.

(207) Dheimhnigh an Coimisiún, ós rud é nár tháirg tionscal an Aontais TEP, go raibh an chomparáid praghsanna bunaithe ar dhíolacháin TCPP amháin. Measadh go raibh comparáid praghsanna in aghaidh an chineáil táirge ar an gceann is réasúnta, i bhfianaise na difríochta idir praghsanna idir cineálacha éagsúla táirge. Dá bhrí sin, níor mhór diúltú don mhaíomh.

(208) In éagmais aon bharúil bhreise maidir leis na hallmhairí ón tír lena mbaineann, deimhníodh na conclúidí a leagtar amach in aithrisí (369) go (379) den Rialachán sealadach.

4.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(209) D'áitigh Quimidroga nach mbaineann na táscairí maicreacnamaíocha sa Rialachán sealadach ach le táirgeadh TCPP, ag déanamh comparáid neamhshiméadrach le hallmhairí ón tSín lena n-áirítear TCPP agus TEP araon.

(210) Mar a luaitear in aithris (191), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil TEP mar chuid den raon táirgí agus cé nár tháirg tionscal an Aontais an cineál táirge sin, chinn an Coimisiún gur táirge comhchosúil le TCPP é TEP. De bhun Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán, is é tionscal an Aontais táirgeoirí táirgí comhchosúla an Aontais ina n-iomláine, lena n-áireofaí, dá bhrí sin, táirgeoirí TCPP.

4.5.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.5.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(211) In éagmais aon bharúil maidir leis an táirgeacht, an acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta, deimhníodh na conclúidí a leagtar amach in aithrisí (384) go (386) den Rialachán sealadach.

4.5.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(212) In éagmais aon bharúil maidir leis an méid díolachán agus an sciar den mhargadh, deimhníodh na conclúidí a leagtar amach in aithrisí (387) go (389) den Rialachán sealadach.

4.5.2.3. Fás

(213) D'áitigh Quimidroga nach raibh sé soiléir ó aithris (390) den Rialachán sealadach dá n-áireofaí TEP leis an laghdú ar thomhaltas an Aontais. Ós rud é go bhfuil TEP san áireamh leis an táirge lena mbaineann, áiríodh gach cineál táirge leis na torthaí uile maidir le díobháil.

(214) In éagmais aon bharúil maidir leis an bhfás, deimhníodh na conclúidí a leagtar amach in aithrisí (390) den Rialachán sealadach.

4.5.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(215) D'áitigh Quimidroga go raibh an tionchar ar an bhfostaíocht diomaibhseach.

(216) Mar a leagtar amach in aithrisí (392) agus (393) den Rialachán sealadach, tháinig méadú ar an líon fostaithe a tháirgeann an táirge lena mbaineann ar dtús ach léiríodh laghdú ó 2021 ar aghaidh. Le linn na tréimhse iomláine a breithníodh, tá laghdú le feiceáil. Ós rud é go raibh teorainn leis an dearbhfhigiúr maidir le caillteanas fostaíochta, níor athraigh sé na conclúidí maidir leis an treocht a chonacthas le linn na tréimhse a breithníodh.

(217) In éagmais aon bharúil bhreise maidir le fostaíocht agus táirgiúlacht, deimhníodh na conclúidí a leagtar amach in aithrisí (391) go (393) den Rialachán sealadach.

4.5.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo

(218) D'áitigh Purinova gur theip ar an gCoimisiún foirceannadh an imscrúdaithe frithdhumpála ar allmhairí TCPP de thionscnamh na Síne a rinneadh in 2010 a chur san áireamh ([18]). Rinneadh an t-imscrúdú sin a fhoirceannadh toisc nár léiríodh aon imthoisc leis an bhfoirceannadh sin nach mbeadh foirceannadh den sórt sin chun leas an Aontais.

(219) Rinneadh an t-imscrúdú a fhoirceannadh in 2010 tar éis do na gearánaigh an gearán a tharraingt siar agus níor aimsigh an Coimisiún aon chúis a léirigh nach mbeadh an foirceannadh chun leasa an Aontais. Tá an staid atá ann faoi láthair difriúil leis an staid in 2010: ní dhearnadh aon iarraidh ar tharraingt siar agus suíodh san imscrúdú gur ann do dhumpáil agus do dhíobháil ábhartha agus suíodh nach mbeadh forchur na mbeart i gcoinne leas an Aontais.

(220) Thairis sin, agus i gcás ar bith, ba é an 1 Iúil 2009 go dtí an 30 Meitheamh 2010 an tréimhse imscrúdúcháin le haghaidh an imscrúdaithe sin, is é sin 13 bliana roimh thréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe atá ann faoi láthair. Ní féidir leas eacnamaíoch ná staid ghníomhaithe margaidh an Aontais a chur i gcomparáid leis na torthaí a fuair an Coimisiún an tráth sin, mar gheall ar athrú ar thosca eacnamaíocha éagsúla lena gcinntear dumpáil agus díobháil le linn na mblianta sin.

(221) In éagmais aon bharúil bhreise maidir le méid an chorrlaigh dumpála, deimhníodh na conclúidí a leagtar amach in aithrisí (394) agus (395) den Rialachán sealadach.

4.5.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.5.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(222) Tar éis nochtadh sealadach, mhaígh Quimidroga gur cheart don Choimisiún a chur in iúl go soiléir go bhfuil an anailís ar phraghsanna i dTábla 8 agus in aithris (397) den Rialachán sealadach, atá bunaithe ar TCPP, i gcomparáid leis na méideanna allmhairí TCPP agus TEP, rud a d'fhág go bhfuil torthaí an Choimisiúin in aithris 397 den Rialachán sealadach míthreorach.

([18]) Cinneadh ón gCoimisiún an 9 Lúnasa 2011 lena bhfoirceanntar na himeachtaí frithdhumpála a bhaineann le hallmhairí fosfáite tris (2-clóra-1-meitileitil) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, IO L 205, 10.8.2011, lch. 35.

(223) Ar dtús, tugann an Coimisiún dá aire go raibh na torthaí maidir le dumpáil, díobháil agus cúisíocht, a dtugtar achoimre orthu sa Rialachán sealadach, bunaithe ar na sonraí don táirge atá faoi imscrúdú ina iomláine seachas ar a fhothacair (cineálacha táirgí). Ní mholtar a mhalairt le haon ní sa Rialachán sin. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach ndearnadh measúnú i dTábla 8 agus in aithris (397) den Rialachán sealadach ach ar threocht phraghsanna díola thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais agus ar chostas aonaid táirgthe thionscal an Aontais agus nár sholáthair siad anailís ar dhíolacháin allmhairí ón tSín. Na torthaí a rinne an Coimisiún in aithris (397) den Rialachán sealadach maidir leis an éifeacht a bhí ag treocht phraghsanna na Síne le linn na tréimhse a breithníodh ar phraghsanna thionscal an Aontais, níl siad míthreorach. Mar a leagtar amach in aithris (377) den Rialachán sealadach, cé nach raibh praghsanna allmhairiúcháin TCPP agus TEP mar an gcéanna, lean praghas an dá chineál táirge an treocht chéanna le linn na tréimhse a breithníodh, i.e. tar éis méadú ó 2019 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú géar orthu. Dá bhrí sin, ní mór an maíomh a dhiúltú.

(224) Tar éis nochtadh cinntitheach a dhéanamh, d'áitigh Quimidroga gur cheart don Choimisiún an difríocht sa phraghas idir TCPP agus TEP a mheas mar thoisc thábhachtach agus ábhartha i raon feidhme an táirge agus san anailís ar iomaíocht agus gur cheart don Choimisiún anailís chuí a dhéanamh ar éifeachtaí praghsanna ar phraghsanna TEP chun inchomparáideacht chuí praghsanna a áirithiú.

(225) D'admhaigh an Coimisiún in aithris (377) den Rialachán sealadach go raibh praghas allmhairiúcháin TCPP níos ísle ná praghas allmhairiúcháin TEP, ach gur lean praghas an dá chineál táirge an treocht chéanna, i.e. léirigh siad méadú le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Chun comparáid praghsanna chóir a dhéanamh idir an táirge allmhairithe agus an táirge a dhíolann tionscal an Aontais, rinne an Coimisiún ríomh sladghearrtha agus gearrdhíola ar bhonn na huimhreach rialaithe táirgí ('PCN') inar cuireadh na difríochtaí praghais sin san áireamh.

(226) Níor cuireadh i gcoinne na difríochta praghais riamh idir an dá chineál táirge. Mar a leagtar amach in aithrisí (39) agus (46) den Rialachán sealadach, maolaítear an inionadaitheacht idir an dá chineál táirge den chuid is mó mar gheall ar an difríocht idir a bpraghas toisc go bhfuil níos lú TEP ag teastáil chun an táirge deiridh a dhéanamh chomh lasairmhoillitheach agus a bhí nuair a bhí TCPP á úsáid. Agus é á mheas go bhfuil gá le thart ar 1,8 kg de TCPP chun 1 kg de TEP a ionadú, déanann difríocht praghais de 60 % go bhfuil an dá chineál táirge ar an bpraghas céanna nach mór leis an úsáideoir deiridh i kg de tháirge iartheachtach agus fuarthas amach go raibh siad in iomaíocht dhíreach lena chéile. Leis na comhéifeachtaí sin, nár chuir na páirtithe leasmhara ina gcoinne, bheadh costas TEP níos ísle fiú ná costas TCPP sa táirge deiridh.

(227) Thairis sin, tá úsáid PCNanna díreach chun cuntas a thabhairt ar dhifríochtaí praghais den sórt sin idir cineálacha éagsúla táirgí. Cé go ndéantar an anailís ar dhíobháil agus ar chúisíocht ar bhonn faisnéis chomhiomlánaithe maidir le hallmhairí agus táirgeadh agus díolacháin, leis na ríomhanna dumpála, sladghearrtha agus gearrdhíola, tá údar le haitheantas a thabhairt d'éagsúlacht fhéideartha i bpraghsanna laistigh den fhothacar den táirge atá faoi imscrúdú. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(228) In éagmais aon bharúil bhreise maidir le praghsanna agus tosca a dhéanann difear do phraghsanna, deimhníodh na conclúidí a leagtar amach in aithrisí (396) go (398) den Rialachán sealadach.

4.5.3.2. Costais saothair

(229) In éagmais aon bharúil maidir leis na costais saothair, deimhníodh na conclúidí a leagtar amach in aithrisí (399) agus (400) den Rialachán sealadach.

4.5.3.3. Stoic

(230) In éagmais aon bharúil maidir leis na stoic, deimhníodh na conclúidí a leagtar amach in aithrisí (401) agus (402) den Rialachán sealadach.

4.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(231) Tar éis nochtadh sealadach, d'áitigh CPCIF go raibh tionscal an Aontais fós brabúsach le linn na tréimhse a breithníodh go dtí 2022, rud a léiríonn tionscal láidir. Níorbh iad allmhairí ón tSín ba chúis le caillteanas thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin ach ba é imthosca eisceachtúla margaidh de bharr chostais an fhuinnimh agus an tsaothair ba chúis leis. Mhaígh Purinova go raibh an caillteanas brabúsachta mar thoradh ar ghníomhaíocht nádúrtha fhórsaí an mhargaidh agus ar chinntí earráideacha eacnamaíocha a rinne na gearánaigh, seachas mar gheall ar allmhairí ón tSín. D'áitigh sé freisin nár oiriúnaigh tionscal an Aontais do dhálaí an mhargaidh tar éis na staide eisceachtúla le leibhéil bhrabúis thar a bheith ard in 2021 agus chaill sé a iomaíochas dá bhrí sin. Thug Quimidroga aghaidh freisin ar an laghdú géar sin ar an méid táirgeachta á rá gur theip air a thuiscint cén fáth ar tháinig laghdú ar na méideanna táirgeachta, cé go raibh tionscal an Aontais fós brabúsach in 2022.

(232) D'áitigh na gearánaigh go ndearna conarthaí fadtéarmacha difear dearfach do na leibhéil brabúsachta, conarthaí a chumhdaíonn cuid thábhachtach dá ndíolachán agus a chosain roinnt táirgeoirí an Aontais ar éifeachtaí díobhálacha allmhairí dumpáilte ar feadh tamaill.

(233) Chinn an Coimisiún gur shroich tionscal an Aontais corrlach brabúis fíor-ard go deimhin in 2021. Mar sin féin, creimeadh an corrlach sin go tapa in 2022 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a d'fhág go raibh caillteanas (-6 %) ann. Tharla sé sin i gcomhthráth le méadú 32 phointe céatadáin ar allmhairí ón tSín ó 2021 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin ar phraghsanna sladghearrtha in 2022 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Mar gheall ar an méadú sin ar allmhairí ar phraghas íseal, níorbh fhéidir le tionscal an Aontais dul san iomaíocht agus laghdaigh sé a mhéid táirgeachta 72 phointe céatadáin le linn na tréimhse 2021 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin, agus a sciar den mhargadh á laghdú faoina leath aige. Léiríonn sé sin go raibh comhchoibhneas soiléir idir méid méadaithe na n-allmhairí dumpáilte ón tSín agus an laghdú ar dhíolacháin agus ar bhrabúis ag tionscal an Aontais. Dá bhrí sin, níor mhór an maíomh ó CPCIF agus Purinova a dhiúltú.

(234) De réir Shekoy Europe, léirigh Tábla 11 den Rialachán sealadach infheistíochtaí an-teoranta ó thionscal an Aontais, d'ainneoin na leibhéal ard brabúsachta in 2021 agus 2022. Léiríodh leis sin, d'ainneoin na míchothromaíochta idir éileamh agus táirgeacht an Aontais, nach raibh táirgeoirí an Aontais ag infheistiú in acmhainneacht ná i bpróisis nua.

(235) Go deimhin, fuarthas amach go raibh teorainn le leibhéal na n-infheistíochtaí le linn na tréimhse a breithníodh agus bhain siad go príomha le cothabháil agus ní leis an táirgeadh a leathnú. Ba é ba chúis leis sin gurbh ann d'allmhairí dumpáilte ón tSín ar an margadh, rud a rinne difear mór d'úsáid acmhainneachta táirgeachta thionscal an Aontais, ar tháinig laghdú 39 bpointe céatadáin air le linn na tréimhse a breithníodh go 30 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Agus allmhairí ón tSín ag dul i bhfód níos mó ar an margadh, ní raibh tionscal an Aontais in ann leas iomlán a bhaint as an acmhainneacht táirgeachta a bhí aige cheana, gan trácht ar a acmhainneacht a leathnú. Dá bhrí sin, níor mhór diúltú do mhaíomh Shekoy Europe.

(236) D'athdhearbhaigh Quimidroga a mhaíomh nach n-áirítear leis na sonraí maidir le brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí ach díolacháin TCPP agus d'áitigh sé go ríomhtar an figiúr brabúsachta i dTábla 11 den Rialachán sealadach go mícheart i gcomparáid le Tábla 8 den Rialachán sin.

(237) Dheimhnigh an Coimisiún nár tháirg tionscal an Aontais ach TCPP agus chinn sé go raibh tionscal TCPP an Aontais ag cailleadh -6 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin mar a léirítear i dTábla 11 den Rialachán sealadach. Ríomhtar an bhrabúsacht sin ar bhonn chostas na n-earraí a díoladh agus costais eile ach i dTábla 8 den Rialachán sealadach déantar comparáid idir meánphraghsanna díola agus meánchostas an aonaid táirgthe. Dá dheasca sin, ní féidir an bhrabúsacht a léirítear i dTábla 11 a asbhaint go díreach ó Thábla 8. Dá bhrí sin, níor mhór diúltú do bharúil Quimidroga.

(238) Tar éis nochtadh cinntitheach a dhéanamh, d'athdhearbhaigh Quimidroga a mhaíomh gur cheart an dá thábla a bheith inréitithe dá n-eisiafaí aon allmhairiú TEP a rinne tionscal an Aontais.

(239) Mar a leagtar amach in aithris (237) thuas, tá na modheolaíochtaí ríofa atá taobh thiar den dá thábla difriúil. Ríomhtar costas aonaid an táirgthe ar bhealach atá éagsúil le costas na n-earraí a dhíoltar agus costais eile. Is é sin an fáth a bhfuil maíomh Quimidroga mícheart. Níor áiríodh allmhairí an táirge faoi imscrúdú in aon cheann de na táblaí. Cuireadh aon allmhairiú den táirge faoi imscrúdú san áireamh i dTábla 3.

(240) In éagmais aon bharúil bhreise maidir le brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a chruinniú, deimhníodh na conclúidí a leagtar amach in aithrisí (403) go (409) den Rialachán sealadach.

4.5.4. *Conclúid maidir le díobháil*

(241) Mhaígh Quimidroga go ndearnadh an chomparáid maidir le díobháil ar bhonn neamhréireach agus neamhshiméadrach, ós rud é go raibh TEP agus TCPP san áireamh leis na hallmhairí agus nár tháirg tionscal an Aontais ach TCPP.

(242) Tá an maíomh thuas bunaithe go bunúsach ar an mbonn nach bhfuil TEP mar chuid den raon táirgí. Ós rud é go bhfuil TEP mar chuid den táirge lena mbaineann, bhí an measúnú ar dhíobháil bunaithe ar allmhairí TEP agus TCPP araon. Bhí an dá chineál táirge in iomaíocht le chéile ar mhargadh an Aontais, d'ainneoin an fhíorais nár tháirg tionscal an Aontais ach TCPP. Soiléiríodh le haithris (377) den Rialachán sealadach go raibh praghas an dá chineál táirge éagsúil, ach gur lean siad an treocht chéanna le linn na tréimhse a breithníodh. Ní dhearna an difríocht sa phraghas idir an dá chineál táirge difear d'aon cheann de na príomhtháscairí díobhála eile agus, dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún na conclúidí a leagtar amach in aithrisí (410) go (418).

(243) Tar éis nochtadh cinntitheach a dhéanamh, chloígh Quimidroga lena mhaíomh, agus d'áitigh sé nach ndearna an Coimisiún measúnú ceart ar neamhtháirgeadh TEP ag tionscal an Aontais. Níor cheart cinneadh na díobhála a bheith bailí ach amháin i gcás TCPP toisc nár chuir tionscal an Aontais aon sonraí iontaofa, infhíoraithe ná oibiachtúla ar fáil maidir leis an gcaoi a ndearna allmhairí TEP díobháil ábhartha do thionscal an Aontais, go háirithe ós rud é gur scoir tionscal an Aontais de TEP a tháirgeadh 20 bliain ó shin.

(244) D'áitigh Quimidroga freisin go raibh aithrisí (207) agus (223) ag teacht salach ar a chéile, i gcás ina ndearnadh na ríomhanna dumpála, sladghearrtha agus gearrdhíola de réir chineál an táirge ar thaobh amháin agus ar an taobh eile go raibh na torthaí maidir le dumpáil, díobháil agus cúisíocht bunaithe ar an táirge atá faoi imscrúdú ina iomláine. De réir na cuideachta, éilíonn an measúnú díobhála, fiú má dhéantar é ar bhonn comhiomlánaithe, ionchur sonraí i ndáil le gach cineál táirge, go háirithe toisc nach bhfuil ach dhá chineál táirge ann.

(245) Ós rud é gur chinn an Coimisiún gan TEP a eisiamh ó raon feidhme an táirge, bhí an cinneadh maidir le díobháil, díreach cosúil leis an gcinneadh dumpála, bunaithe ar an táirge ina iomláine. Chinn an Coimisiún go raibh an dá chineál táirge in iomaíocht dhíreach le chéile i bhformhór na n-úsáidí iartheachtacha agus, dá bhrí sin, fuarthas amach go ndearna an dá chineál táirge díobháil ábhartha do thionscal an Aontais.

(246) Mar a leagtar amach in aithrisí (225) go (227), déantar na ríomhanna dumpála, sladghearrtha agus gearrdhíola ar bhonn PCNanna chun éagsúlacht fhéideartha i bpraghsanna idir cineálacha táirgí laistigh d'fhothacar an táirge faoi imscrúdú a chur san áireamh. Ar an taobh eile, déantar anailís sa mheasúnú díobhála ar éifeacht allmhairí uile an táirge faoi imscrúdú ón tír lena mbaineann, i gcás nach toisc chinntitheach é difreáil praghsanna idir cineálacha táirgí nuair a fhaightear amach go bhfuil na cineálacha éagsúla táirgí in iomaíocht dhíreach le chéile. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

5. **CÚISÍOCHT**

5.1. **Measúnú**

(247) Ina thorthaí sealadacha, rinne an Coimisiún idirdhealú agus scaradh idir éifeachtaí féideartha na dtosca aitheanta uile ar staid thionscal an Aontais agus éifeachtaí díobhálacha na n-allmhairí dumpáilte. Seachas na hallmhairí dumpáilte, ba iad seo a leanas na fachtóirí sin: allmhairí ó thríú tíortha; feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais; Costais infheistíochta thionscal an Aontais; Tomhaltas agus éifeacht athchothromaithe ar an margadh; Costais mhéadaithe amhábhar agus fuinnimh san Aontas agus boilsciú san Aontas freisin; agus an easpa inionadaitheachta idir TCPP agus TEP. Fuarthas amach, áfach, go raibh éifeacht na dtosca eile sin ar dhíobháil thionscal an Aontais teoranta, más ann dó, agus níor mhaolaigh sé an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha a fuarthas.

5.2. **Barúlacha na bpáirtithe leasmhara i ndiaidh bearta sealadacha.**

(248) Mhaígh Quimidroga go bhfuil locht criticiúil ar an anailís ar an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte ón tSín agus díobháil ábhartha thionscal an Aontais, toisc gur cuimsíodh TEP san anailís.

(249) Tar éis an réamhnochta, mhaígh Prochema nach bhféadfadh TEP a bheith ina chúis díobhála toisc go gceannaíonn na gearánaigh TEP iad féin ó allmhaireoirí de chuid an Aontais nó go díreach ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne, níor cuireadh TEP ar mhargadh na hEorpa ar phraghas níos ísle ná a luach costais, agus bhí praghas TEP i bhfad níos airde i gcónaí ná TCPP, fiú i gcomparáid le praghsanna TCPP na ngearánach a bhí ar fáil ar mhargadh na hEorpa. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir TEP a dhumpáil ná díobháil a dhéanamh do mhargadh an Aontais.

(250) Ní raibh fianaise ag gabháil leis na maímh thuas. Thairis sin, tá siad bunaithe ar an mbonn nár cheart go mbeadh TEP mar chuid den raon táirgí.

(251) Mar a leagtar amach in aithris (57), tá TEP mar chuid den raon táirgí agus, dá bhrí sin, tá údar lena chuimsiú sa mheasúnú. Fuarthas amach leis an imscrúdú nach bhfuair tionscal an Aontais ach méideanna teoranta TEP, níos lú ná 5 % de thomhaltas APE an Aontais, rud nach bhféadfadh díobháil a dhéanamh dóibh féin. Dheimhnigh an Coimisiún in aithris (205) go raibh praghas TEP níos airde ná praghas TCPP, ach mar a fuarthas in aithris (46) den Rialachán sealadach, tá gá le méid beag TEP chun TCPP a ionadú, rud a chúiteodh go páirteach costas táirgthe níos airde TEP agus an difear sa phraghas a fhritháireamh.

(252) Tar éis nochtadh sealadach, d'athdhearbhaigh CFCIP a mhaíomh más rud é gur bhain díobháil do thionscal an Aontais, go raibh sé sin mar thoradh ar thosca eile seachas na hallmhairí ón tSín, lena n-áirítear gnáthdhálaí an mhargaidh teacht i bhfeidhm arís, costais mhéadaithe amhábhar, praghsanna fuinnimh níos airde, boilsciú ard agus costas saothair ard a bheith ann, ach gan a bheith teoranta do na tosca sin. Ina theannta sin, d'áitigh Quimidroga gur thagair tuarascáil bhliantúil an dá ghearánach do thosca eile a raibh tionchar acu ar fheidhmíocht na cuideachta, amhail an staid eacnamaíoch san Aontas, an staid gheopholaitiúil i réigiúin éagsúla atá comharsanach leis an Eoraip, éileamh lag, luaineachtaí sa ráta malairte, agus fionraí dleachta.

(253) Rinne an Coimisiún measúnú ar gach toisc aitheanta eile a d'fhéadfadh a bheith ina cúis díobhála de réir bhrí Airteagal 3(7) den bhun-Rialachán agus mar a léirítear in aithris (247). Maidir leis na barúlacha a chuir na páirtithe leasmhara isteach tar éis an nochta shealadaigh, níor tháinig gnéithe ná fianaise shubstaintiúil nua astu a chuirfeadh an chonclúid a leagtar síos sa Rialachán sealadach ó bhail. Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún na conclúidí a leagtar amach in aithrisí 419 go 448.

(254) Tar éis nochtadh cinntitheach a dhéanamh, d'athdhearbhaigh Quimidroga agus CFCIP a maíomh arís. D'áitigh CFCIP nár thosaigh allmhairí na Síne ag sladghearradh phraghsanna thionscal an Aontais ach ó 2022 mar gheall ar staid eisceachtúil an mhargaidh i dtionscal an Aontais, le costais arda fuinnimh, sleabhcadh eacnamaíoch ginearálta, agus boilsciú ard mar thoradh ar ionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine, cé nach raibh tionchar ag na tosca sin ar tháirgeoirí na Síne.

(255) In aithrisí (424) go (448) den Rialachán sealadach, rinne an Coimisiún measúnú ar thosca eile a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le díobháil do thionscal an Aontais, lena n-áirítear costais mhéadaithe na n-amhábhar agus an fhuinnimh agus boilsciú san Aontas. Mar sin féin, níor chinn sé gur mhaolaigh aon cheann de na tosca sin an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte na Síne agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Níor chuir CFCIP aon fhianaise bhreise ar fáil chun tacú lena mhaíomh agus dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(256) Tar éis an nochta shealadaigh, mhaígh Quimidroga go bhféadfadh an fhionraí dleachta le haghaidh na gcód AC faoina n-allmhairítear an táirge lena mbaineann isteach san Aontas staid dhíobhálach thionscal an Aontais a ghéarú, toisc gur cuireadh an chomhdhleacht chustaim is infheidhme roimhe sin ar fionraí agus go dtagann an táirge lena mbaineann isteach san Aontas saor ó dhleacht.

(257) Rinne an Coimisiún anailís ar an maíomh sin. Fuarthas amach nach bhféadfadh ach éifeacht imeallach a bheith ag an bhfionraí dleachta ar dhíobháil tháirgeoirí an Aontais, ós rud é gurbh é 6,5 % an chomhdhleacht chustaim ar an táirge lena mbaineann. I bhfianaise meánleibhéal sladghearrtha 34,6 %, fuarthas amach nár mhaolaigh an fhionraí dleachta an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ón tSín agus an díobháil ábhartha a fuarthas. Dá bhrí sin, níor mhór diúltú don maíomh sin.

(258) Tar éis an nochta, d'athdhearbhaigh CFCIP a mhaíomh go bhfuil easpa inionadaitheachta idir TCPP agus TEP. D'athdhearbhaigh sé nach bhfuil an dá chineál táirge sin comhchosúil agus nach féidir iad a úsáid go hidirmhalartach. Ós rud é nach bhfuil ach TCPP á tháirgeadh ag tionscal an Aontais, ní fhéadfadh allmhairí TEP a bheith ina gcúis le díobháil.

(259) Ós rud é nár thug CFCIP bunús breise leis an maíomh sin agus nár chuir sé fianaise ar fáil a d'fhéadfadh na torthaí a rinneadh in aithris (445) den Rialachán sealadach a chur ó bhail, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh agus dheimhnigh sé a chinneadh in aithris (445).

(260) Tar éis nochtadh cinntitheach a dhéanamh, d'athdhearbhaigh CFCIP an maíomh sin nach dtáirgeann tionscal an Aontais TEP, agus nach bhfuil TEP a allmhairítear ón tSín in iomaíocht dhíreach le TCPP a dhíolann tionscal an Aontais ar an margadh céanna. Thairis sin, tá TEP 60 % níos costasaí ná TCPP agus dá bhrí sin ní fhéadfadh sé aon díobháil a dhéanamh do thionscal an Aontais nach dtáirgeann agus nach ndíolann ach TCPP.

(261) Mar a luaitear in aithris (259), níor aontaigh an Coimisiún leis an maíomh sin. Fuarthas go raibh an dá chineál táirge inionadaithe agus in iomaíocht lena chéile sna húsáidí deiridh is tábhachtaí, is é sin na cúir dochta. Mar a mhínítear in aithris (46) den Rialachán sealadach, tá gá le méid níos lú TEP chun TCPP a ionadú chun an lasairmhoillitheacht chéanna a dhéanamh, rud a chúiteodh go páirteach praghas TEP. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

5.3. **Conclúid maidir le cúisíocht**

(262) Deimhníodh na conclúidí ar thángthas orthu in aithrisí (419) go (448) den Rialachán sealadach.

6. **LEIBHÉAL NA mBEART**

6.1. **Corrlach díobhála**

(263) Tar éis nochtadh sealadach, d'áitigh Quimidroga go ndearnadh an corrlach díobhála a ríomh go mícheart agus gur boilscíodh go mór é. Chun bunús a thabhairt lena mhaíomh, sholáthair Quimidroga ríomh malartach corrlaigh díobhála. Mar sin féin, bhí an ríomh a sholáthair Quimidroga bunaithe ar phraghas CAL mícheart. D'úsáid an ríomh ar an gcorrlach díobhála a d'ullmhaigh an Coimisiún, ar an taobh eile, sonraí cearta. Nochtadh an ríomh agus an mhodheolaíocht a úsáideadh le haghaidh an ríomha sin do gach páirtí leasmhar, lena n-áirítear Quimidroga, agus níor chuir aon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin ina choinne. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(264) Tar éis nochtadh sealadach, d'áitigh an táirgeoir onnmhairiúcháin Anhui RunYue nár sholáthair an Rialachán sealadach fianaise gur gheall aon cheann de tháirgeoirí an Aontais infheistíochtaí laghdaithe astaíochtaí CO_2 a dhéanamh agus, dá bhrí sin, go raibh an coigeartú a rinneadh de bhun Airteagal 7(2d) den bhun-Rialachán amhantrach agus gur cheart é a fhíorú amach anseo. Mura mbeadh an infheistíocht sin ag tarlú, ba cheart don Choimisiún na dleachtanna frithdhumpála a laghdú dá réir.

(265) Thairis sin, mhaígh Anhui RunYue, ós rud é gur sheol an tSín a scéim trádála astaíochtaí carbóin féin in 2017, go bhfuil costais amach anseo ag táirgeoirí na Síne a bhaineann le hastaíochtaí carbóin a léirítear ina bpraghas onnmhairiúcháin. Chun comparáid chóir a dhéanamh, ba cheart costais astaíochtaí amach anseo a chur le praghas onnmhairiúcháin na Síne freisin.

(266) Níor mheas an Coimisiún go raibh an coigeartú le haghaidh costais chomhshaoil amach anseo mar amhantrach. Sholáthair an gearánach amháin a mhaígh an coigeartú sin fianaise shubstainteach a léirigh na costais atá ann faoi láthair ar na deimhnithe faoin Scéim Trádála Astaíochtaí. Bunaithe ar shonraí a bhí ar fáil go poiblí, rinneadh ríomh le haghaidh chostais na ndeimhnithe sin as seo go ceann cúig bliana.

(267) Níor sholáthair Anhui RunYue aon fhaisnéis faoina chostais a bhaineann le hastaíochtaí carbóin. Dá bhrí sin, ní fhéadfadh an Coimisiún measúnú a dhéanamh ar thabhaigh an chuideachta sin na costais sin go deimhin agus níor mhór diúltú don maíomh.

(268) D'athdhearbhaigh na gearánaigh a n-easaontas le cinneadh an Choimisiúin maidir leis an spriocbhrabús, a socraíodh ag 6 % de bhun Airteagal 7(2c) den bhun-Rialachán.

(269) Cé gur mhol na gearánaigh roinnt modheolaíochtaí chun an spriocbhrabús a shocrú, mar a leagtar amach in aithrisí (455) go (463) den Rialachán sealadach, bunaithe ar na sonraí a bhí ar fáil don Choimisiún, chinn an Coimisiún nach mbeadh leibhéal brabúsachta a mbeadh coinne leo in éagmais allmhairí dumpáilte mar thoradh ar aon cheann de na modheolaíochtaí sin. Rinne na hallmhairí dumpáilte ón tSín difear do mhargadh an Aontais cheana féin roimh thús na tréimhse a breithníodh agus ní raibh sé in ann an t-íosleibhéal 6 %, a shocraítear le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, a bhaint amach. Ina theannta sin, d'áitigh siad go raibh ceann de na gearánaigh cosanta go páirteach le 10 mbliana anuas ó allmhairí dumpáilte ón tSín mar gheall ar chonradh fadtéarmach a bhí aige le húsáideoir mór.

(270) Mheas an Coimisiún, áfach, nach bhféadfaí a mheas go bhfuil brabús cheann amháin de na trí ghearánach a bhí cosanta go páirteach ó chleachtas tháirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne a shaobhann an trádáil ionadaíoch ar bhrabús thionscal an Aontais a mbeadh coinne leis faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Dá bhrí sin, socraíodh an bunbhrabús ag 6 %.

(271) Tar éis nochtadh cinntitheach a dhéanamh, d'áitigh Kingspan go gcuirtear an TCPP a dhíol na gearánaigh i gcomparáid le TCPP agus TEP a allmhairíodh ón tSín a chuireann an anailís ar dhíobháil agus ar chúisíocht ó bhail. I ríomh an chorrlaigh díobhála, ina ndéantar comparáid idir praghas na n-allmhairí de réir cineáil, i.e. TCPP nó TEP, agus spriocphraghas dhíolacháin na ngearánach de réir cineáil, i.e. TCPP, déantar neamhaird éifeachtach ar allmhairí uile TEP agus an corrlach díobhála á ríomh. Mhaígh Kingspan go bhfuil margadh TEP ar leithligh ó mhargadh TCPP le praghsanna an-difriúil agus dá bhrí sin tá an leibhéal dleachta le haghaidh TEP bunaithe ar fhíorais nach mbaineann le margadh TEP.

(272) Ar an gcéad dul síos, tá an leibhéal dleachta a fhorchuirtear bunaithe ar an gcorrlach dumpála, a chuir díolacháin onnmhairiúcháin na Síne chuig an Aontas den dá chineál táirge i gcomparáid le gnáthluach ríofa don dá chineál táirge.

(273) Ar an dara dul síos, de réir an ghnáthchleachtais, déantar an corrlach díobhála a ríomh in aghaidh an PCN, is é sin comparáid a dhéanamh idir na cineálacha éagsúla táirgí a tháirgeann na táirgeoirí onnmhairiúcháin agus tionscal an Aontais araon. Go deimhin, ós rud é nár tháirg tionscal an Aontais TEP, chuir ríomh an chorrlaigh díobhála díolacháin TCPP ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte na Síne i gcomparáid le díolacháin TCPP ó thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, murab ionann agus an líomhain ó Kingspan, níor chuir an Coimisiún allmhairí TEP i gcomparáid le TCPP. Mar thoradh ar an gcomparáid sin rinneadh thart ar 85 % d'onnmhairí an táirge lena mbaineann ón tSín a mheaitseáil go substaintiúil leis na táirgí comhfhreagracha ar thaobh an Aontais. Más é an argóint a chuir Kingspan isteach gur cheart deighilt a bheith san anailís, níor aimsigh an Coimisiún aon fhianaise ar chomhad na deighilte sin den mhargadh idir TEP agus TCPP a thabharfadh údar le hanailís ar leithligh ar an dá chineál táirge. Os a choinne sin, mar a mhínítear in aithris (445) den Rialachán sealadach, tá saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha fíor-riachtanacha comhchosúla ag TEP agus TCPP agus tá siad inmhalartaithe le haghaidh feidhmeanna cúr docht arb ionann iad agus formhór thomhaltas iomlán an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(274) Mar a fhoráiltear le hAirteagal 9(4), an tríú fomhír, den bhun-Rialachán, agus de bharr nár chláraigh an Coimisiún allmhairí le linn thréimhse an nochta, rinne sé anailís ar fhorbairt na méideanna allmhairí chun a shuí ar tháinig méadú substaintiúil eile in allmhairí faoi réir an imscrúdaithe le linn thréimhse an réamhnochta a dtugtar tuairisc air in aithris (4) agus, dá bhrí sin, lena léirítear an díobháil bhreise mar thoradh ar mhéadú den sórt sin nuair a bhí an corrlach díobhála á chinneadh.

(275) Bunaithe ar shonraí ó bhunachar sonraí Surveillance ([19]), bhí méideanna na n-allmhairí ón tSín le linn na tréimhse ceithre seachtaine réamhnochta 78 % níos airde ná meánmhéideanna na n-allmhairí le linn na tréimhse imscrúdúcháin ar bhonn ceithre seachtaine. Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh ardú substaintiúil ar allmhairí faoi réir an imscrúdaithe le linn na tréimhse réamhnochta.

([19]) Is uirlis staidrimh é an bunachar sonraí faireachais atá á bhainistiú ag Ard-Stiúrthóireacht TAXUD an Choimisiúin Eorpaigh. Cuirtear faisnéis ar fáil ann maidir le hidirbhearta onnmhairiúcháin agus allmhairiúcháin an Aontais (má dhearbhaítear iad le haghaidh teacht isteach i saorchúrsaíocht), ar leibhéal TARIC ar bhonn laethúil.

(276) Chun léiriú a thabhairt ar an díobháil bhreise a tharla mar gheall ar an méadú ar allmhairí, chinn an Coimisiún an leibhéal díothaithe díobhála a choigeartú bunaithe ar an ardú ar an méid allmhairí, rud a bhreithnítear mar an toisc ualaithe ábhartha bunaithe ar fhorálacha Airteagal 9(4). Ríomh sé, dá bhrí sin, toisc iolraitheach a suíodh trí shuim mhéid na n-allmhairí le linn na ceithre seachtaine den tréimhse réamh-nochta agus 52 sheachtain de tréimhse an imscrúdaithe, a roinnt ar mhéid na n-allmhairí i dtréimhse an imscrúdaithe arna n-eachtarshuí go 56 seachtaine. Léiríonn an figiúr a eascraíonn as sin, 1 056, an díobháil bhreise a tharla mar gheall ar an méadú breise ar allmhairí le linn thréimhse ceithre seachtaine an réamhnochta. Dá bhrí sin, iolraíodh na corrlaigh dhíobhála shealadacha faoin toisc sin.

(277) In éagmais aon bharúil bhreise, deimhnítear aithrisí (449) go (470) den Rialachán sealadach.

(278) Mar a thuairiscítear in aithrisí (274) go (276), rinne an Coimisiún athbhreithniú ar na corrlaigh dhíobhála. Dá bhrí sin, is mar a leanas atá an leibhéal díothaithe díobhála deiridh le haghaidh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha agus le haghaidh gach cuideachta eile:

Cuideachta	Corrlach díobhála cinntitheach (%)
Anhui RunYue Technology Co., Ltd.	69,1 %
Nantong Jiangshan Agrochemical & Chemicals Limited Liability Co.	78,4 %
Shandong Yarong Chemical Co., Ltd.	79,0 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile nár sampláladh a liostaítear in Iarscríbhinn	76,2 %
Gach cuideachta eile	79,0 %

6.2. **Conclúid maidir le leibhéal na mbeart**

(279) Tar éis an mheasúnaithe thuas, ba cheart dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a shocrú mar atá thíos i gcomhréir le riail na dleachta is lú in Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach
Anhui RunYue Technology Co., Ltd.	53,1 %
Nantong Jiangshan Agrochemical & Chemicals Limited Liability Co.	68,4 %
Shandong Yarong Chemical Co., Ltd.	63,0 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile nár sampláladh a liostaítear in Iarscríbhinn	61,3 %
Gach cuideachta eile	69,1 %

7. **LEAS AN AONTAIS**

7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(280) D'áitigh CPCIF nach bhfuil aon léiriú ann go mbeidh tionchar dearfach ag forchur dleachtanna frithdhumpála ar thionscal an Aontais.

(281) Ní raibh bunús leis an maíomh a rinne CPCIF agus diúltaítear dó dá bhrí sin.

(282) Tar éis nochtadh cinntitheach a dhéanamh, d'athdhearbhaigh CPCIF a bharúil lenar cuireadh i dtábhacht nach leor táirgeadh thionscal an Aontais chun freastal ar éileamh iomlán an Aontais ar an táirge lena mbaineann agus go mbeadh sé chun leas an Aontais allmhairí ó tháirgeoirí Síneacha a choinneáil.

(283) Mar a leagtar amach in aithris (499) den Rialachán sealadach, tá allmhairí ón tSín fós ina bhfoinse riachtanach allmhairí. Níl sé i gceist le bearta frithdhumpála allmhairí a thoirmeasc, ach dálaí córa trádála agus iomaíochta a athbhunú. Chun údar a thabhairt le slándáil an tsoláthair, ní mór an táirgeadh san Aontas a bheith ann i gcónaí. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(284) Tar éis nochtadh cinntitheach a dhéanamh, shonraigh na gearánaigh go ndéanann bearta frithdhumpála dálaí an mhargaidh a athchothromú agus go gcuireann siad bac ar ghníomhaithe sa mhargadh tairbhe a bhaint as cleachtas trádála éagórach tionscal an Aontais a bheith thíos leis, rud a áirithíonn slándáil an tsoláthair d'úsáideoirí.

7.2. **Leas na n-allmhaireoirí, na dtrádálaithe agus na n-úsáideoirí neamhchomhlachaithe**

(285) Tar éis an réamhnochta, mhaígh Impag AG gur ann dó easpa cinnteachta soláthair agus neamhábaltacht fhoriomlán thionscal an Aontais freastal ar éileamh intíre an Aontais iallach ar úsáideoirí allmhairiú ar phraghsanna níos airde dá bhforchuirfí dleachtanna frithdhumpála. D'athdhearbhaigh Quimidroga é sin tar éis an nochta shealadaigh, á chur in iúl freisin nár sholáthair tionscal an Aontais TEP agus nár léirigh sé aon fhianaise go gcuirfeadh sé tús arís le táirgeadh TEP. Dá bhrí sin, dhéanfadh bearta frithdhumpála difear freisin d'úsáideoirí iartheachtacha TEP ina fheidhmeanna eile. Thairis sin luaigh Purinova, CPCIF, agus Systemhouse go raibh acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais marbhánta agus nach bhfuil sí in ann freastal ar an éileamh atá ann faoi láthair ná ar an éileamh a bheidh ag dul i méid amach anseo. Ina theannta sin, níl aon táirgeadh TEP lasmuigh den tSín agus, mar a luaitear thuas, ní thugtar le fios ar chor ar bith go dtosódh tionscal an Aontais ag táirgeadh TEP. Dá bhrí sin, ní bhraithfeadh ach an margadh iartheachtach na dleachtanna.

(286) D'áitigh na gearánaigh gur laghdaigh siad a rátaí úsáide acmhainneachta go dtí íosleibhéil mar gheall ar bhrú allmhairí dumpáilte ón tSín, cé nár laghdaíodh a n-acmhainneacht shuiteáilte. Ciallaíonn sé sin go mbeadh na gearánaigh in ann a méideanna táirgeachta a mhéadú go tapa in éagmais allmhairí dumpáilte ón tSín. Ar an taobh eile, d'aithin siad nach bhfuil táirgeacht thionscal an Aontais leordhóthanach chun freastal ar éileamh iomlán an Aontais ar APE.

(287) Is léir go mbeidh, go luath amach anseo ar a laghad, na hallmhairí ón tSín fós ina bhfoinse riachtanach d'úsáideoirí an táirge atá faoi imscrúdú. Mar a mhínítear in aithris (499) den Rialachán sealadach, tá an riosca ann go gcuirfidh brú na n-allmhairí dumpáilte ón tSín iallach ar thionscal an Aontais an táirgeacht san Aontas a laghdú a thuilleadh nó deireadh a chur léi go hiomlán, rud a d'fhágfadh go mbeadh níos lú cinnteachta soláthair ann fiú. Thairis sin, ní hé cuspóir na dleachta frithdhumpála stop a chur le hallmhairí APE ón tSín ach deireadh a chur le héifeachtaí saofa trádála cleachtais éagóraigh trádála, i.e. dumpáil dhíobhálach, agus ar an gcaoi sin dálaí córa trádála agus iomaíochta a athbhunú. Le ríomhanna beachta dumpála agus sladghearrtha, calabraíodh na bearta chun an cuspóir sin amháin a bhaint amach. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaímh Quimidroga, Purinova, CPCIF, agus Systemhouse.

(288) D'athdhearbhaigh Quimidroga a mhaímh tar éis nochtadh cinntitheach a dhéanamh agus d'áitigh sé nár comhlíonadh na coinníollacha chun teacht ar an gconclúid nach raibh na bearta cinntitheacha in aghaidh leas an Aontais, toisc nár thug an Coimisiún aghaidh ar an gceist maidir leis an gcaoi a gcomhlíonfaidh tionscal an Aontais éileamh TEP toisc nár athsheol sé táirgeadh TEP le linn 20 bliain agus níor léirigh aon rud go n-atosóidh sé táirgeadh.

(289) Mar a leagtar amach in aithris (287), d'aithin an Coimisiún go mbeidh allmhairí ón tSín fós ina bhfoinse riachtanach. Mar sin féin, ós rud é nach bhfuil tionscal an Aontais in ann tomhaltas iomlán an Aontais a sholáthar go díreach, ní athraítear conclúidí an Choimisiúin mar a leagtar amach thuas. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(290) Tar éis nochtadh sealadach, luaigh Purinova nach raibh torthaí sealadacha an Choimisiúin dírithe ach ar leas thionscal an Aontais gan measúnú a dhéanamh ar leasanna rannpháirtithe eile sa mhargadh, agus go mbeadh tionchar díréireach ag bearta frithdhumpála ar úsáideoirí agus ar thomhaltóirí. D'áitigh CPCIF freisin go raibh na hallmhaireoirí agus na húsáideoirí uile a tháinig chun cinn d'aon toil i gcoinne bearta frithdhumpála a fhorchur, toisc go mbeidís chun dochair don mhargadh iartheachtach agus nach mbeadh formhór na n-úsáideoirí in ann costas na mbeart a iompar.

(291) Mhínigh Purinova, cé nach raibh sa táirge atá faoi imscrúdú ach sciar íseal de bhrabúis na ngearánach, agus tagairt á déanamh d'aithris (409) den Rialachán sealadach, gur chuid mhór den ioncam iomlán do thrádálaithe agus d'úsáideoirí a bhí san ioncam ó earraí a tháirgtear trí úsáid a bhaint as APE. Thug an t-úsáideoir Systemhouse dá aire nach raibh an measúnú ar leas úsáideoirí bunaithe ach ar na barúlacha a sholáthair na húsáideoirí comhoibríocha.

(292) D'áitigh Purinova go mbraitheann costas iomlán APE i gcostas deiridh an táirge deiridh ar na sainiúlachtaí agus ar na teicnící táirgthe a úsáidtear le haghaidh an táirge deiridh atá i gceist, ach ar an meán gur mó é ná an céatadán a thugtar in aithris (489) den Rialachán sealadach. Thug Systemhouse le fios go mbeadh a mhéadú costais ar tháirgí deiridh cothrom le 5 % - 10 %. De réir Systemhouse, le tacaíocht ó Rytm-L Sp. z o.o., mar gheall ar na bearta sealadacha a fhorchuirtear, tá méadú ar chostais táirgthe cúr docht á thabhairt faoi deara cheana féin agus chun an corrlach brabúis atá ann faoi láthair ar na táirgí deiridh a choinneáil ar bun, ní mór na costais a chur ar aghaidh chuig úsáideoirí deiridh na dtáirgí deiridh. Thug Systemhouse le fios nach ndearna an Rialachán sealadach meastóireacht ar an méadú ar chostas táirgí idirmheánacha iartheachtacha.

(293) Thug na gearánaigh freagra ar an maíomh sin agus d'áitigh siad gur luaigh gach úsáideoir go mbraitheann méadú costais an táirge deiridh ar shainiúlachtaí an táirge atá i gceist agus, dá bhrí sin, níor cheart sonraí neamhfhíoraithe a sholáthraíonn úsáideoirí a mheas le haghaidh chonclúidí an Choimisiúin.

(294) Chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na mbeart frithdhumpála ar na páirtithe éagsúla, bhunaigh an Coimisiún é ar na haighneachtaí ó na páirtithe a sholáthair faisnéis a bhaineann go sonrach leis an gcuideachta/ngnólacht chun an measúnú is cruinne a dhéanamh ar an tionchar. Thug an Coimisiún dá aire go raibh na hallmhaireoirí agus na húsáideoirí uile i gcoinne dleachtanna frithdhumpála a fhorchur. Chun measúnú cóir a dhéanamh, rinne an Coimisiún anailís ar an aighneacht ó na páirtithe uile. Níor léirigh aighneachtaí na n-úsáideoirí comhoibríocha go mbeadh tionchar mór ag dleachtanna frithdhumpála ar allmhaireoirí agus ar úsáideoirí. Deimhníodh an méid sin a thuilleadh leis na cuairteanna fíorúcháin a reáchtáladh ag allmhaireoir mór agus ag úsáideoir mór. Dá bhrí sin, díbheadh an maíomh.

(295) D'áitigh Purinova agus Impag AG go laghdódh bearta frithdhumpála iomaíochas na gcóras polúireatáin i gcomparáid le córais inslithe theirmigh eile, d'ainneoin na mbuntáistí a bhaineann leis in airíonna inslithe theirmigh. De réir CPCIF, Purinova, agus Shekoy Europe, theip ar an gCoimisiún bunús a chur lena chonclúid go gcuirfeadh forchur beart frithdhumpála ar a chumas don Aontas a chuspóirí maidir le hinsliú agus laghdú astaíochtaí carbóin a chomhlíonadh agus mhaígh siad nach gcuirfeadh na bearta frithdhumpála ach moill ar iarrachtaí an Aontais stoc foirgneamh an Aontais a dhícharbónú toisc gur dhócha go mbainfeadh úsáideoirí níos lú úsáide as APE nó go n-úsáidfidís táirgí eile nach bhfuil chomh héifeachtúil ó thaobh carbóin de le haghaidh tionscadail foirgníochta san Aontas.

(296) In aithris (503) den Rialachán sealadach, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach mbeadh aon tionchar mór ag na bearta ar chuspóirí an Aontais maidir le hinsliú agus le hastaíochtaí carbóin a laghdú. Is é is cúis leis sin an costas measartha teoranta atá ar APE i dtáirgeadh ábhar inslithe. Níor sholáthair na páirtithe aon fhianaise go raibh an chonclúid sin mícheart agus dá bhrí sin diúltaíodh don mhaíomh.

(297) Mhaígh Shekoy Europe agus Quimidroga freisin go ndéanfaí dochar do chuspóirí fhionraí na comhdhleachta custaim ar TCPP agus TEP trí bhearta frithdhumpála a fhorchur.

(298) Is é an cuspóir atá le dleachtanna frithdhumpála a fhorchur dálaí córa trádála agus iomaíochta a athbhunú. Ní fhéadtar an fhionraí taraife ar chuid den táirge lena mbaineann a mheas mar chúis gan cothroime iomaíochta a athbhunú ar mhargadh an Aontais. Diúltaíodh, dá bhrí sin, don mhaíomh.

(299) De réir Systemhouse, ní raibh an Coimisiún den tuairim go bhféadfadh táirgeoirí i dtríú tíortha na táirgí deiridh céanna a tháirgeadh agus a d'fhéadfadh úsáideoirí an Aontais ar chostas gan na dleachtanna frithdhumpála. Dá bhrí sin, déanann na bearta frithdhumpála dochar do leasanna thionscal na n-úsáideoirí, go háirithe táirgeoirí an Aontais a tháirgeann na táirgí polóil iartheachtacha.

(300) Chinn an Coimisiún go bhfuil bearta frithdhumpála ceaptha chun dálaí córa trádála agus iomaíochta a athbhunú. Ní fhéadfadh an riosca nach bhféadfaí na táirgí iartheachtacha atá faoi imscrúdú a ionadú le táirgí iartheachtacha eile a bheith ina gcúis cothroime iomaíochta ar mhargadh réamhtheachtach an Aontais le haghaidh APE a a aisghabháil trí aghaidh a thabhairt ar staid na dumpála díobhálaí, go háirithe nuair a mheastar go bhfuil éifeacht dhíobhálach na ndleachtanna frithdhumpála ar na húsáideoirí measartha teoranta.

(301) Tar éis nochtadh cinntitheach a dhéanamh, d'áitigh Kingspan go bhfuil bearta maidir le TEP i gcoinne leas an Aontais, toisc go mbeadh tionchar diúltach ag dleachtanna a fhorchur ar TEP ar go leor úsáideoirí, go háirithe sna feidhmchláir nach féidir ionadú idir TCPP agus TEP a dhéanamh iontu, agus nach gcosnódh na bearta aon táirgeoir de chuid an Aontais agus go gcuirfeadh sé bac míchuí ar aistriú thionscal an chúir chuig táirgí saor ó halaigine nach bhfuil baint acu le rioscaí sláinte a d'fhéadfadh a bheith ann, rud nach bhfuil fíos i gcás TCPP. De réir Kingspan, leis an toradh in aithris (294) tugtar neamhaird ar an am agus ar na costais a bhaineann le hathfhoirmliú, athdheimhniú agus infheistíocht capex a bheidh le híoc ag úsáideoirí a d'fhéadfadh bealaí a lorg chun úsáid agus costais chomhfhreagracha lasairmhoillitheoirí a laghdú.

(302) In aithris (502) den Rialachán sealadach, d'admhaigh an Coimisiún gur dócha go méadóidh na bearta costais táirgthe na n-úsáideoirí ach gur dócha go rachaidh slándáil soláthair fheabhsaithe an Aontais chun tairbhe na n-úsáideoirí freisin sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Níor tháinig aon úsáideoir TEP chun cinn san imscrúdú in iarratais nach raibh inionadaitheacht ag TCPP indéanta iontu agus, dá bhrí sin, ní fhéadfaí measúnú a dhéanamh ar aon éifeacht dhiúltach ar na húsáideoirí sin. Fuarthas amach, áfach, go raibh costais an táirge lena mbaineann ar na húsáideoirí comhoibríocha sách teoranta, mar gheall ar mhéid teoranta an táirge lena mbaineann sna táirgí deiridh.

(303) Trí dhleacht a fhorchur ar TCPP agus TEP, ní chuirfeadh an Coimisiún bac ar aon aistriú a d'fhéadfadh a bheith ann ó TCPP go táirgí atá saor ó halaiginí, mar shampla, TEP. Ós rud é go bhfuarthas amach go ndearna an t-imscrúdú dumpáil dhíobhálach ar TCPP agus TEP araon, ba cheart coinníollacha cothroma trádála agus iomaíochta a athbhunú. Ina theannta sin, fuarthas go raibh aon rioscaí sláinte poiblí a bhaineann le TCPP neamhchinnteach. De réir na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán, níor moladh aon aicmiú maidir le carcanaigineacht go fóill. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

7.3. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(304) Deimhníodh na conclúidí ar thángthas orthu in aithris (504) den Rialachán sealadach.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA CINNTITHEACHA**

8.1. **Bearta cinntitheacha**

(305) I bhfianaise na gconclúidí ar thángthas orthu maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, agus i gcomhréir le hAirteagal 9(4) den bhun-Rialachán, ba cheart bearta frithdhumpála cinntitheacha a fhorchur chun cosc a chur le tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte an táirge lena mbaineann.

(306) Ar bhonn an mhéid thuas, ba cheart na rátaí dleachta frithdhumpála cinntitheacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc, a bheith mar a leanas:

Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach díobhála (%)	Dleacht frithdhumpála chinntitheach (%)
Anhui RunYue Technology Co., Ltd.	53,1	69,1	53,1
Nantong Jiangshan Agrochemical & Chemicals Limited Liability Co.	68,4	78,4	68,4
Shandong Yarong Chemical Co., Ltd.	63,0	79,0	63,0
Cuideachtaí comhoibríocha eile nár sampláladh a liostaítear in Iarscríbhinn	61,3	76,2	61,3
Gach cuideachta eile	68,4	79,0	68,4

(307) Suíodh na rátaí dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a chonacthas le linn an imscrúdaithe seo maidir leis na cuideachtaí sin. Tá na rátaí dleachta sin, dá bhrí sin, infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge faoi imscrúdú de thionscnamh na tíre lena mbaineann agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna monarú ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo sin a luaitear go sonrach, ní féidir leo tairbhe a bhaint as na rátaí sin agus ba cheart go mbeadh siad faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'.

(308) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfí na rátaí dleachta frithdhumpála aonair sin i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ([20]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(309) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta idir rátaí dleachta, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm ceart na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Ní mór do na cuideachtaí a bhfuil dleachtanna frithdhumpála aonair acu sonrasc tráchtála bailí a chur ar fáil d'údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Ba cheart allmhairí nach mbíonn an sonrasc sin ag gabháil leo a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'.

(310) Cé gur gá an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na rátaí dleachta frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má chuirtear sonrasc i láthair údaráis chustaim na mBallstát lena gcomhlíontar na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ba cheart dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an dleachtráta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(311) Má thagann méadú mór ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na rátaí dleachta aonair níos ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin, féadfar imscrúdú frith-imchéimnithe a thionscnamh, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha chun déanamh amhlaidh. Féadfar leis an imscrúdú sin scrúdú a dhéanamh ar an ngá atá leis an ráta dleachta nó na rátaí dleachta aonair a bhaint agus ar an ngá le dleacht ar fud na tíre a fhorchur dá bharr sin.

(312) Chun a áirithiú go ndéanfar na dleachtanna frithdhumpála a fhorfheidhmiú mar is ceart, ba cheart feidhm a bheith leis an dleacht frithdhumpála le haghaidh gach cuideachta eile ní hamháin maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha san imscrúdú seo, ach freisin maidir leis na táirgeoirí nach ndearna táirgí a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(313) Táirgeoirí onnmhairiúcháin nach ndearna an táirge lena mbaineann a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ba cheart dóibh a bheith in ann a iarraidh ar an gCoimisiún go gcuirfí faoi réir an ráta dleachta frithdhumpála iad le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nach bhfuil san áireamh leis an sampla. Ba cheart don Choimisiún iarraidh den sórt sin a cheadú, ar choinníoll go gcomhlíontar trí choinníoll.

(314) Bheadh ar an táirgeoir onnmhairiúcháin nua an méid seo a leanas a léiriú:

(a) níor onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin;

(b) níl sé comhlachaithe le táirgeoir onnmhairiúcháin a rinne amhlaidh; agus

(c) d'onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann ina dhiaidh sin nó go bhfuil oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air é sin a dhéanamh i gcainníochtaí substaintiúla.

([20]) An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, Stiúrthóireacht G, Wetstraat 170 Rue de la Loi, 1040 an Bhruiséil, an Bheilg.

8.2. **Bailiúchán cinntitheach na ndleachtanna sealadacha**

(315) I bhfianaise na gcorrlach dumpála a cinneadh agus an leibhéal díobhála a rinneadh do thionscal an Aontais, ba cheart na méideanna arna n-urrú trí bhíthin na ndleachtanna frithdhumpála sealadacha arna bhforchur leis an Rialachán sealadach a bhailiú go cinntitheach suas go dtí na leibhéil a leagtar amach faoin Rialachán seo.

9. **FORÁIL CHRÍOCHNAITHEACH**

(316) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCómhairle ([21]), nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna bhfoilsiú i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(317) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, tá siad i gcomhréir le tuairim an Choiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí eistear fosfáite ailcile áirithe atá bunaithe go heisiach ar shlabhraí taoibh a bhfuil fad dhá nó trí adamh carbóin acu (lena n-áirítear slabhraí ailcile clóirínithe freisin) agus ina bhfuil cion fosfair 9 % (in aghaidh an mheáchain) ar a laghad agus slaodacht idir 1 agus 100 mPa.s (ag 20-25 °C) a thagann faoi uimhreacha Seirbhíse na gCoimrithe Ceimiceacha ('CAS') 13674-84-5, 1244733-77-4 agus 78-40-0; a aicmítear faoi láthair faoin gcód AC ex 2919 90 00 (cóid TARIC 2919 90 00 50 agus 2919 90 00 65) agus cód CN ex 3824 99 92 (cód TARIC 3824 99 92 38) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

2. Is mar a leanas a bheidh na rátaí cinntitheacha maidir le dleacht frithdhumpála is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, a bhí ag na táirgí a dtugtar tuairisc orthu i mír 1 agus arna dtáirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach (%)	Cód breise TARIC
Anhui RunYue Technology Co., Ltd.	53,1	89AL
Nantong Jiangshan Agrochemical & Chemicals Limited Liability Co.	68,4	89AM
Shandong Yarong Chemical Co., Ltd.	63,0	89AN
Cuideachtaí comhoibríocha eile nár sampláladh a liostaítear in Iarscríbhinn	61,3	
Gach cuideachta eile	68,4	8 999

3. Beidh cur i bhfeidhm na rátaí dleachta aonair a shonraítear le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar le hainm agus le feidhm, arna dhréachtú mar a leanas: '*Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (cainníocht) d'eistir fosfáite ailcile a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh iad i nDaon-Phoblacht na Síne. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo*.' Mura gcuirtear an sonrasc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

([21]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj).

4. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

Na méideanna a fuarthas trí bhíthin na dleachta frithdhumpála sealadaí faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1064 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí eistear fosfáite ailcile áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, déanfar iad a bhailiú go cinntitheach.

Airteagal 3

D'fhéadfadh sé go ndéanfaí an Iarscríbhinn a luaitear in Airteagal 1(2) a leasú chun táirgeoirí onnmhairiúcháin nua ó Dhaon-Phoblacht na Síne a chur leis agus iad a chur faoi réir mheánráta ualaithe iomchuí na dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nár cuireadh san áireamh leis an sampla. Soláthróidh táirgeoir onnmhairiúcháin nua fianaise maidir leis an méid seo a leanas:

(a) nach ndearna sé na hearraí a dtugtar tuairisc orthu in Airteagal 1(1) a onnmhairiú le linn na tréimhse imscrúdúcháin (an 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2023);

(b) nach bhfuil sé comhlachaithe le honnmhaireoir ná le táirgeoir atá faoi réir na mbeart arna bhforchur ag an Rialachán seo, agus a d'fhéadfadh comhoibriú san imscrúdú bunaidh; agus

(c) gur onnmhairigh sé iarbhír an táirge lena mbaineann, sin nó go bhfuil oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air méid mór a onnmhairiú chuig an Aontas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhshampláilte

Ainm	Cód breise TARIC
Fujian Wynca Technology Co., Ltd.	89AP
Futong Chemical Co., Ltd.	89AQ
Hebei Zhenxing Chemical and Rubber Co., Ltd.	89AR
Jiangsu Yoke Technology Co., Ltd.	89AS
Jilin Yonglin Chemical Co., Ltd.	89AT
Ningguo Long Day Chemical Co., Ltd	89AU
Shanghai Iroyal Chemical Co., Ltd.	89AV
Xinji Hongzheng Chemical Industry Co., Ltd.	89AW
Xuancheng City Trooyawn Refined Chemical Industry Co., Ltd.	89AX
Yangzhou Chenhua New Material Co., Ltd.	89AY
Zhejiang Wansheng Co., Ltd.	89AO